
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
ANNUAL REPORT

2014

COMHAIRLE CONTAE LÚ
LOUTH COUNTY COUNCIL



ARMAS NA COMHAIRLE



Seo mar a dhíorthaíodh Armas an Chontae, mar a dheonaigh an Príomh-Arald é don Chomhairle i 1976:-

“Vert a besant charged with a Dexter Hand aversant coupled at the wrist proper”

Seo cur síos ar an gcuid íochtarach den sciath a bhfuil dath uaine (vert) air agus ar a bhfuil léiriú araldach den Dexter Dei nó Lámh Dheas Dé ó Chrois Mhuiredach ag Mainistir Bhuithe.

Mar is amhlaidh ar an gceann sin, taispeánann an dearadh armais an lámh ina luí ar chúlra ciorclach nó nimbeas. Seasann an chuid seo den Armas don chuid den chontae atá faoin tuath (nó Dúiche Sláinte an Chontae).

An Taoiseach Sáible, dhá long ársa, seolta socraithe in airgead

Tá dath dubh ar an gcuid uachtarach den Armas a chomórann Muirthemne, sean-ainm Gaelach ar an bhfarraige amach ó Chósta Lú, agus a chiallaíonn “doircheas na farraige” i mBéarla. Is é inspreagadh na long Armas Bhuirg Dhroichead Átha, ar a dtaispeántar long ar ancaire ar thaobh cé. Is féidir féachaint ar gach long mar long a sheasann do Bhuirg Dhroichead Átha agus do Cheantar Uirbeach Dhún Dealgan, faoi seach, agus an dá cheantar laistigh de limistéar feidhmeach an chontae. Is siombail iad na longa, leis, de thraidisiún trádála agus tráchtála an chontae.

An Bhuaic

San áireamh sa bhuaic tá claíomh, siombail an riaracháin, timpeallaithe ag croithleoga cruithneachta. Taispeánann an dearadh seo nádúr an Armais mar shiombail den riarachán cathartha, agus a thábhachtaí atá an talmhaíocht i saol an chontae

An Manna

Comórtar sa mhanna tréithe an tSean-Dé Gaelach, Lug, a bhí ina Shaimhildánach nó Máistir na nEalaíon Uile. Is cuí tréith den sórt sin a chorprú i manna an chontae.



CLÁR

Réamhrá ón gCathaoirleach	2
Foramharc ón bPríomhfheidhmeannach	3
Baill Tofa roimh an Chomhdhlúthú	4
Oifigí Chomhairle Contae Lú	10
Ceithre thoghcheantar Lú (& 3 Cheantar Bardasach)	11
Baill Tofa tar éis an Chomhdhlúthaithe	12
Gnóthaí Corparáideacha	16
Tithíocht agus Pobail	23
Coiste Áitiúil Forbartha Pobail Lú	27
Tacaíocht Pobail 2014	32
Comhpháirtíocht Spóirt Lú	35
Seirbhísí Éigeandála agus Rialú Tógála	40
Leabharlann, Cartlanna agus Seirbhísí Músaeim Chontae Lú	41
Oibríochtaí agus Seirbhísí Áitiúla	46
Pleanáil, Turasóireacht, Oidhreacht, Caomhnú	49
Create Louth - Seirbhísí Ealaíon Chomhairle Contae Lú	52
Figiúiri Airgeadais	55

Táblaí agus Aguisíní

Príomhtháscairí Feidhmíochta.....	58
Taifead Tinrimh na gComhaltaí ag Comhdhálacha	65
Íocaíochtaí le Comhaltaí as cruinnithe, coistí & ionadaíocht	67
Ionadaíocht ar an SPC srl.	68
Ionadaithe ar Choiste/Eagraíochtaí na Comhairle	69



RÉAMHRÁ ÓN gCATHAOIRLEACH



Oliver Tully
Cathaoirleach

Mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Lú is pléisiúr dom an réamhrá seo a chur le tuarascáil bhliantúil 2014.

Is deis é seo dúinn machnamh a dhéanamh ar dhúshláin na bliana seo caite agus ar an méid a d'éirigh linn a dhéanamh. Bliain as an ngnáth ab ea 2014 sa mhéid is gur thosaíomar mar chontae ag tús na bliana le ceithre cinn d'údaráis áitiúla (Comhairle Contae Lú, Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia, Comhairle Buirge Dhroichead Átha agus Comhairle Baile Dhún Dealgan) agus ag deireadh na bliana bhí samhail nua rialtais áitiúil againn a d'fhág gurb é Comhairle Contae Lú mar an t-aon údarás dá bhforáiltear san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014.

Go praiticiúil, laghdaigh líon na gcomhairleoirí áitiúla i dtoghchán áitiúil na Bealtaine ó naonúr is caoga san iomlán go húdarás aonair nua de naonúr ball agus fiche. Tháinig cuid de na hiarbhaill ar ais mar aon le roinnt comhairleoirí nua agus is maith sin chun go mbeidh an seomra comhdhála bríomhar agus ag fónamh don chontae iomlán agus dá phobail éagsúla.

Sa tuarascáil seo leagtar amach na príomhrudaí ar éirigh leis an Stiúrthóireacht a dhéanamh agus tá sé tábhachtach a chur san áireamh gur rinneadh athruithe suntasacha ar thimpeallacht oibre agus ar chleachtais na mball foirne a chuireann na seirbhísí seo ar fáil.

Ceapadh Joan Martin ina Bainisteoir Contae agus ina dhiaidh sin ina Príomhfheidhmeannach, a chinntigh go mbeadh cobhsaíocht ann ag an leibhéal is airde bainistíochta agus d'éascaigh sé sin an t-athrú go dtí údarás amháin.

I gcás na mball tofa, ba é tabhairt isteach na gCeantar Bardasach agus Buirge an chuid den athrú ba thábhachtaí dóibh. Tá áthas orm a dheimhniú sa tuarascáil bhliantúil seo go bhfuil an struchtúr nua curtha i gcrích agus ag obair go héifeachtach. Níl aon amhras orm ach go mbeidh sé soiléir sna blianta eile a mhairfidh an Chomhairle seo a éifeachtaí agus a thábhachtaí atá an leibhéal seo rialtais áitiúil agus go nglacfaidh an uile dhuine atá i gceist go fonnmar leis.

Clr. Oliver Tully
Cathaoirleach
Comhairle Contae Lú



FORAMHARC ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH



Ms Joan Martin,
Príomhfheidhmeannach

Ba é an clár oibre uailmhianach a socraíodh in ‘Tús Áite do Dhaoine’ agus a cuireadh i gcrích san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 a bhí mar fhócas ag mórchuid den fhoireann agus den Chomhairle nua a toghadh i 2014. Ach níor bhain sé sin ónár bpríomhchuspóir de sheirbhísí éifeachtúla a chur ar fáil ar shlí thrédhearcach agus a bhí éifeachtúil ó thaobh costais.

Tá ról neartaithe anois ag rialtas áitiúil ó thaobh pleananna eacnamaíocha agus pobail a fhorbairt, faoi mar a fhoráiltear san acht athchóirithe. Glacann Comhairle Contae Lú go fonnmar leis na dúshláin sin ar shlí éagsúla agus táimid ag obair le geallsealbhoirí i gcáileanna éagsúla chun dul chun cinn a dhéanamh ar na spriocanna uailmhianacha seo.

Lean obair Fhóram Eacnamaíoch Lú ar aghaidh i 2014 agus chuir sé ról na Comhairle mar phríomhchatalaíoch eacnamúil an Oifig Áitiúil Fiontair (LEO) a bheith curtha le sainordú na Comhairle. I 2014 chuireamar tús le próiseas leathan comhairliúcháin maidir le pleananna pobail agus eacnamaíocha agus le caidreamh níos forleithne leis an bpobal ó thaobh dúshraith a leagan síos don Líonra Rannpháirteach Poiblí (PPN) nua.

Cuid lárnach dár gcuid oibre i 2014 ab ea cruthú fostaíochta agus in aird a tharraingt ar Lú mar cheann scríbe den chéad scoth le haghaidh fostóirí ionchais. San aonad eacnamaíoch neartaithe nua tugadh le chéile príomhsheirbhísí na Comhairle chun seirbhís aontaithe tacaíochta a chur ar fáil dóibh siúd atá ag smaoineamh ar thionscal nó seirbhís a bhunú i Lú.

Nuair a rinneadh údarás amháin dín cruthaíodh dúshláin áirithe agus is áthas liom a rá gur sháraigh an fhoireann díograiseach na dúshláin sin gan dua, le tacaíocht ón gComhairle nua atá ag tabhairt aghaidh ar athruithe agus ar dheiseanna éagsúla faoi struchtúr an údaráis áitiúil aonair nua.

Agus an tuarascáil bhliantúil á moladh agam do na Baill, is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus leis na Baill agus leis an bhfoireann as an tacaíocht a fuair mé i mo chéad bhliain mar Phríomhfheidhmeannach agus táim ag tnúth leis an gcontae a fhorbairt tuilleadh agus le breisiú a dhéanamh ar chaighdeán saoil mhuintir Lú leis an tacaíocht leanúnach sin.

Joan Martin
Príomhfheidhmeannach



An Staid roimh na Toghcháin Áitiúla an 23 Bealtaine 2014 (Eanáir-Meitheamh 2014)

BAILL TOFA ÚDARÁIS ÁITIÚLA LÚ

Baill Chomhairle Contae Lú (26 ball)

DÚN DEALGAN / CAIRLINN

MURNAGHAN , Martin (**Fine Gael**) **
An Ráth Corr, Baile na hAbhna
Fón póca: 086 3760460
Ríomhphost:
martinmurnaghan@hotmail.com

CORRIGAN, Edel (**Sinn Féin**)
An tÁdh Buí, Mountpleasant, Dún Dealgan
Fón póca: 085 8476660
Ríomhphost:
edel.corrigan_2009@hotmail.com

LOUGHRAN, Jim (**Sinn Féin**)
Blackgate, Gleann na bhFiach, Dún Dealgan
Fón póca: 087 7475069
Ríomhphost: jim.loughran@louthcoco.ie

RYAN, Jim (**Neamhpháirtí**)
20 Páirc an Athar Ó Muirí, Dún Dealgan
Fón póca: 087 7475957
Ríomhphost: jim.ryan@louthcoco.ie

SAVAGE, Peter (**Fianna Fáil**)
Carn na N-Aol, Gráinseach an Mhuilinn,
An Grianfort
Fón póca: 087 1364378
Ríomhphost: petersav@eircom.net

DÚN DEALGAN / THEAS

BELLEW , Martin (**Neamhpháirtí**)
39 Garrán na Cluana, Dún Dealgan
Fón póca: 086 3988451
Ríomhphost: martinbellew@eircom.net

BREATHNACH, Declan (**Fianna Fáil**)
Droichead an Chnoic, Dún Dealgan
Fón póca: 087 2697638
Ríomhphost:
declanbreathnach@gmail.com

ENGLISH, Linus (**Fine Gael**) **
5 Ardán Naomh Rónán, Droim Ineasclainn,
Dún Dealgan
Fón póca: 087 6393705

BUTLER, Marianne (**An Comhaontas Glas**)*
20 Sráid na Cé, Dún Dealgan
Fón póca: 086 8677672
Ríomhphost:
marianne.butler@dundalktown.ie

GREHAN, Alan (**Neamhpháirtí**)
4 Ath Lethan, Bóthar an Ráschúrsa,
Dún Dealgan
Fón póca: 086 0676512
Fón póca: 087 1328625
Ríomhphost: alan.grehan@louthcoco.ie

SHARKEY, Tomás (**Sinn Féin**)
Oifigí Shinn Féin, Sráid Crowe,
Dún Dealgan
Fón póca: 087 9090629
Ríomhphost:
tomassharkeylouth@gmail.com



DROICHEAD ÁTHA THJAR

BELL, Paul (An Lucht Oibre) 1
09 Garrán Bál, Droichead Átha
Fón póca: 087 1206736
Ríomhphost: paul.bell@louthcoco.ie

DONOHUE, Anthony (Fine Gael)
Tigh an Mhuilinn, Mainistir Bhuithe,
Droichead Átha
Fón póca: 087 6368080
Ríomhphost:
anthony.donohue@droghedaboro.ie

MAHER, Frank (Fianna Fáil)
51 Radharc na Cluana, Droichead Átha
Fón póca: 087 2895044
Ríomhphost:
frank.maher@droghedaboro.ie

MCQUILLAN, Paddy (Sinn Féin)
326 Garrán Bál, Droichead Átha
Fón póca: 087 6669482
Ríomhphost: pmcq68@eircom.net

DROICHEAD ÁTHA THOIR

BYRNE, Tommy (Fianna Fáil)
10 Bealach an Fhómhair, Halla na
Cruithneachta, Droichead Átha
Fón póca: 086 8201439
Ríomhphost: info@thomasbyrne.ie

GODFREY, Frank (Neamhpháirtí)
Bóthar Dhún Uabhair, Co. na Mí
Fón póca: 086 6060261
Ríomhphost:
godfreyindependent@gmail.com

MUNSTER, Imelda (Sinn Féin)
252 Páirc na Mainistreach Móire,
Droichead Átha
Fón póca: 087 7586320
Ríomhphost: dllmunster@eircom.net

SMITH, Pío (An Lucht Oibre) **
37 Gráinseach na Foraoise, Bóthar Bhaile
Mhic Éinigh, Droichead Átha

Fón póca: 087 9460673
Ríomhphost: pio.smith@hotmail.com

O'DOWD, Michael (Fine Gael)
78 Bóthar an Chorda, Droichead Átha,
Fón póca: 087 2245532
Ríomhphost:
michael.odowd@droghedaboro.ie

TULLY, Oilibhéar (Fine Gael)
Baile Trá, Droichead Átha
Fón póca: 086 8245715
Ríomhphost: tullyoliver@yahoo.co.uk

BAILE ÁTHA FHIRDHIA

LENNON, Jim (Fine Gael)
Baile Odhráin, Sráidbhaile Lú, Dún Dealgan
Fón póca: 087 9829673
Ríomhphost: jim.lennon@louthcoco.ie

MARKEY, Colm (Fine Gael)
Baile an Chorraigh, An Tóchar,
Droichead Átha
Fón póca: 087 8317500
Ríomhphost: colmmarkey1@gmail.com

MCCOY, Finnan (Fine Gael)
92 Clós Ghort na Carraige,
Baile Átha Fhirdhia
Fón póca: 087 6950070
Ríomhphost: finnan.mccoy@louthcoco.ie

MCGEOUGH, Pearse (Sinn Féin)
8, Baitíní Mhuire, Cill Sáráin,
Caisleán an Ghearlánaigh
Fón póca: 086 8135447
Ríomhphost:
Pearse.McGeough@louthcoco.ie

REILLY, Liam (Fianna Fáil)
Gráinseach an Mhuilinn, Droim Ineasclainn,
Dún Dealgan
Fón póca: 086 1000881
Ríomhphost: info@liamreilly.ie

** comhroghnaithe 2011

* comhroghnaithe 2010



AN STAID DÍREACH ROIMH AN STRUCHTÚR AONAIR ÚDARÁIS ÁITIÚIL NUA

Baill Chomhairle Baile Dhún Dealgan (12 bhall)



BELLEW , Martin (Neamhpháirtí)
BELLEW , Sean (Fianna Fáil)
BUT LER, Marianne (An Comhaontas Glas)
DO YLE, Maria (Fine Gael)
DEARY, Mark (An Comhaontas Glas)
GREEN, Jennifer (Sinn Féin)

KEELAN, Conor (Fianna Fáil)
MEENAN, Kevin (Sinn Féin)
MORGAN, Oliver (Neamhpháirtí)
O'BOYLE, Eamonn (Fine Gael)
RYAN, Jim (Neamhspleách)
TO DD, Harry (Sinn Féin)

Baill Chomhairle Buirge Dhroichead Átha (12 bhall)



BELL, Paul (An Lucht Oibre)
CALLAN, Kevin (Fine Gael)
COOGAN, Matthew (Sinn Féin)
CULHANE, Richie (Fine Gael)
DO NOHOE, Anthony (Fine Gael)
McKEN NA, Ciarán (Páirtí na Sóisialach)

MAHER, Frank (Fianna Fáil)
MUNSTER, Imelda (Sinn Féin)
BELL-W OODS, Linda (An Lucht Oibre)
O'DOWD, Michael (Fine Gael)
O'HEILIGH, Ken (Neamhpháirtí)
W ILTON, Dom (Sinn Féin)

Baill Chomhairle Baile Átha Firdhia (9 bhall)



FARRELLY, Michael (Neamhpháirtí)
HATRICK, Leonard (An Lucht Oibre)
KAVANAGH, Mary (An Comhaontas Glas)
MALONE, Fintan (Fianna Fáil)
McCOY, Finnan (Fine Gael)

McGEOUGH, Pearse (Sinn Féin)
McKENNY, Pdraig (Fianna Fáil)
MINOGUE, Dolores (Fine Gael)
TENAN TY, Jim (Neamhpháirtí)



COMHAIRLE BAILE DHÚN DEALGAN 1899-2014



1 ▲ An Cathaoirleach Eamonn O'Boyle le baill den Chomhairle Baile Dhún Dealgan deiridh.

2 Bronntanas don Cllr. Eamonn O'Boyle (Cathaoirleach na Comhairle Baile Dhún Dealgan deiridh).

3 Bronntanas do Frank Pentony Stiúrthóir Seirbhísí (Cléireach Baile den Chomhairle Baile Dhún Dealgan deiridh).

4 Cllr. Eamonn O'Boyle, (Cathaoirleach na Comhairle Baile Dhún Dealgan deiridh) agus plaic á nochtadh aige i bhforhalla Halla Baile Dhún Dealgan, mar chomhartha de thréimhse Chomhairle Baile Dhún Dealgan 1899–2014. (i láthair tá na Comhairleoirí Martin Bellew agus Harry Todd, beirt a bhí ag éirí as dualgais an Chomhairleora.)

5 Dáréag ball na Comhairle Baile Dhún Dealgan deiridh mar aon le baill foirne a d'éascaigh na cruinnithe, i bpictiúr a tógadh ar chéimeanna Halla Baile Dhún Dealgan.

6 Bronntanas don Chomhairleoir Harry Todd, (Sinn Féin) ar éirí dó as an saol poiblí.

7 Bronntanas don Chomhairleoir Martin Bellew, (Neamhpháirtí) ar éirí do as an saol poiblí.

RÁITEAS MISIN

“Ceannaireacht agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Lú”



COMHAIRLE BUIRGE DHROICHEAD ÁTHA 1690-2014



An Méara Richie Culhane agus Sáirsint an Mháis, Paul Maguire, ag treorú baill agus oifigigh Chomhairle Buirge Dhroichead Átha i mórshiúil chuig an Tholsel dá gcruinniú deiridh..



Grianghraf: Andy Spearman.

An Méara Richie Culhane agus baill den Chomhairle Baile Dhroichead Átha deiridh. Is é Ciarán McKenna an t-aon bhall atá ar iarraidh; ba ball sóisialach eisean agus níor tháinig sé chuig fáiltiú an Mhéara mar gur mheas sé go mbeadh sé míchuí, de bhrí gur 'buachaill nua' a bhí ann, a comhroghnaíodh, seachas ball tofa. Bhí sé ag an gcruinniú dá éis, áfach.






COMHAIRLE BAILE BHAILE ÁTHA FHIRDHIA 1844-2014



An Cathaoirleach Eamonn O'Boyle agus baill den Chomhairle Baile Dhún Dealgan deiridh. Sa phictiúr tá Joe McGuinness Stiúrthóir Seirbhísí (amuigh ar dheis) agus Pdraig Judge, Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach (Amuigh ar clé).



RÁITEAS MISIN

“Ceannaireacht agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Lú”



Oifigí Chomhairle Contae Lú

Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, ▼
Dún Dealgan, Contae Lú.



◀ Halla an Bhaile, Sr. Crowe,
Dún Dealgan, Co. Lú.

Ionad Seirbhísí Cathartha Lú Láir,
Faiche an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia,
Co. Lú. ▼




▲ An tIonad
Cathartha,
Sráid an Aonaigh,
Droichead Átha,
Co. Lú .



Ceithre Thoghcheantar Áitiúla Lú

Dún Dealgan - Cairlinn	
Dún Dealgan - Theas	
Bhaile Átha Fhirdia	
Droichead Átha	



CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil sé freagrach as cinntiú go mbeidh an deis ag saoránaigh incháilithe a vóta a chaitheamh.

Gach bliain tiomsaítear clár de na saoránaigh uile atá i dteideal vótála, i dtoghcháil áitiúla, olltoghcháin, toghcháin uachtaránachta agus reifrinn.

Trí Cheantar Bardasach Lú

Ceantar Bardasach Dhún Dealgan	
Ceantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdia	
Ceantar Buirge Dhroichead Átha	

RÁITEAS MISIN

“Ceannaireacht agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Lú”



BAILL TOFA CHOMHAIRLE CHONTAE LÚ

**An Staid tar éis na dToghchán Áitiúil an 23 Bealtaine 2014
(Meitheamh-Nollaig 2014) - 29 Ball**

Toghcheantar Bhaile Átha Fhirdhia (6 bhall)



CUNNINGHAM, Tom (Sinn Féin)

4 Oriel Cove, Ceann Clochair, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 087-3717884

Ríomhphost: tom.cunningham@louthcoco.ie



MARKEY, Colm (Fine Gael)

Baile na gCorr, An Tóchar, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 087-8317500

Ríomhphost: colm.markey@louthcoco.ie



McGEOUGH, Pearse (Sinn Féin)

8, Baitíní Naomh Muire, Cill Sáráin, Caisleán an Ghearlánaigh, Co. Lu

Fón póca: 086-8135447

Ríomhphost: Pearse.McGeough@louthcoco.ie



MINOGUE, Dolores (Fine Gael)

Whitefield, Sráid Jervis, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú

Fón póca: 087-1880166

Ríomhphost: dolores.minogue@louthcoco.ie



REILLY, Liam (Fianna Fáil)

Gráinseach an Mhuilinn, Droim Ineasclainn, Dún Dealgan, Co. Lú

Fón póca:

Ríomhphost: info@liamreilly.ie



TENANTY, Jim (Neamhpháirtí)

Riverbank, Sráid Jervis, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú

Fón póca: 087-3717883

Ríomhphost: jim.tenanty@louthcoco.ie



Toghcheantar Dhroichead Átha (10 mball)



BELL, Paul (An Lucht Oibre)

109 Garrán Bál, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 087-1206736

Ríomhphost: paulbell1@eircom.net



BYRNE, Tommy (Fianna Fáil)

10 Bealach an Fhómhair, Halla na Cruithneachta, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 086-8201439

Ríomhphost: info@thomasbyrne.ie / tommy.byrne@louthcoco.ie



CALLAN BL, Kevin (Neamhpháirtí)

20 Sráid an Aonaigh, Droichead Átha, Co. Lú

Fón póca: 087-7776648

Ríomhphost: kevin.callan@louthcoco.ie



CASSIDY, Alan (Sinn Féin)

Cnoc an Rátha, Tulach Álainn, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 085-7396995

Ríomhphost: alan.cassidy@louthcoco.ie



CULHANE, Richie (Fine Gael)

34 Ascaill Melrose, Steach Mín, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 087-6469495

Ríomhphost: richie.culhane@louthcoco.ie



FLOOD, Kenneth (Sinn Féin)

30 Sráid na Breacóige, Sráidbhaile Aston, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 085-2133606

Ríomhphost: kenneth.flood@louthcoco.ie



GODFREY, Frank (Neamhpháirtí)

Tigin Ghleann na Bóinne, Bóthar Dhún Uabhair, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 086-6060261

Ríomhphost: frank.godfrey@louthcoco.ie



MUNSTER, Imelda (Sinn Féin)

252 Páirc Mhainistir Bhuithe, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 087-7586320

Ríomhphost: imelda.munster@louthcoco.ie



SMITH , Pio (An Lucht Oibre)

37 Faiche na Foraoise, Bóthar Bhaile Mhic Éinigh, Droichead Átha, Co. Lú.

Fón póca: 087-9460673

Ríomhphost: pio.smith@hotmail.com



TULLY, Oliver (Fine Gael) - Cathaoirleach

Baile Trá, Droichead Átha, Co. Lú. **Fón póca:** 086-8245715

Ríomhphost: tullyoliver@yahoo.co.uk

Toghcheantar Dhún Dealgan/Chairlinn (6 bhall)



CORRIGAN, Edel (Sinn Féin)

An tÁdh Buí, Mountpleasant, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 085-84i76660

Ríomhphost: edel.corrigan@louthcoco.ie



DEAREY, Mark (An Comhaontas Glas)

Corr an Chait, Ó Méith, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 087-2358197

Ríomhphost: mark.dearey@louthcoco.ie



KEELAN, Conor (Fianna Fáil)

Lóiste na nDarach, Bóthar an Iúir, Bóthar an Iúir, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 087-7773200

Teil: 042-9336727

Ríomhphost: conor.keelan@louthcoco.ie



LOUGHRAN, Jim (Sinn Féin) Blackgate, Gleann na bhFiach, Dún

Dealgan, Co. Lú. **Fón póca:** 087-7475069

Ríomhphost: jim.loughran@louthcoco.ie



McGAHON, John (Fine Gael)

Gairdíní Fhochairde, Ardán Phádraig, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 085-1720143

Ríomhphost: john.mcgahon@louthcoco.ie



SAVAGE, Peter (Fianna Fáil)

Carn na nAol, Gráinseach an Mhuilinn, An Grianfort, Co. Lú.

Fón póca: 087-1364378

Ríomhphost: peter.savage@louthcoco.ie



Toghcheantar Dhún Dealgan Theas (7 mBall)



BREATH NACH, Declan (Fianna Fáil)

Droichead an Chnoic, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 087-2697638

Ríomhphost: declan.breathnach@louthcoco.ie / declan.breathnach@gmail.com



BUT LER, Marianne (An Comhaontas Glas) - Leaschathaoirleach

Cophthorn, Bóthar na hAscaille Íochtarach, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 086-8677672

Ríomhphost: marianne.butler@louthcoco.ie



DO YLE, Maria (Fine Gael)

6 Bóthar na Dara, Lis na Dara, Bóthar na Carraige, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 086-8770894

Ríomhphost: maria.doyle@louthcoco.ie



GREEN, Jennifer (Sinn Féin)

Ascaill Uí Mhaolchalann, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 087-1446518

Ríomhphost: jennifer.green@louthcoco.ie



MEENAN, Kevin (Sinn Féin)

5 Radharc an Íostáin, Bóthar na Feirme, Áth na gCasán, Dún Léire, Co. Lú.

Fón póca: 085-8589241

Ríomhphost: meenan.kev@gmail.com



SHARKEY, Tomás (Sinn Féin)

Baile Alaird, Droichead an Chnoic, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 087-9090629

Ríomhphost: tomassharkeylouth@gmail.com



YORE, Maeve (Neamhpháirtí)

2 Clós Blakely, Bóthar na hAscaille, Dún Dealgan, Co. Lú.

Fón póca: 087-6172127

Ríomhphost: maeve.yore@louthcoco.ie



GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

CRUINNITHE DE CHOMHAIRLE CONTAE LÚ - 2014

Cruinniú Míosúil	11
Cruinniú Speisialta	5
Cruinniú Bliantúil	1
Cruinniú Buiséid	1
CPG (Grúpa Beartais Chorparáidigh)	10
Coiste Beartais Straitéisigh (2009-2014) - roimh Mheitheamh 2014 ☐	
SPC – Tithíocht	2
SPC – Forbairt Eacnamúil & Tacaíocht Fiontair	0
SPC – Comhshaol	0
SPC – Iompar	0
Coiste Beartais Straitéisigh (2014-2014) - tar éis Meitheamh 2014 ☐	
SPC – Tithíocht & Pobail	1
SPC – Forbairt Eacnamúil & Tacaíocht Fiontair	1
SPC – Pleanáil & Comhshaol	1
SPC – Bonneagar, Gnóthaí Eorpacha & Trasteorann	1
Cruinniú Coiste Ceantair – Dún Dealgan	4
Cruinniú Coiste Ceantair – Baile Átha Fhirdhia	4
Cruinniú Coiste Ceantair – Droichead Átha	4
JPC – Droichead Átha agus Lú Theas	1
JPC – Dún Dealgan agus Lú Thuaidh	1
JPC – Baile Átha Fhirdhia agus Lú Láir	1
JPC – Coiste Grúpa Stiúrtha	3
Tar éis Meitheamh 2014 ▼	
Ceantair Buirge Dhroichead Átha	6
Ceantar Bardasach Dhún Dealgan	6
Ceantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia	6
Cruinnithe na Comhairle a cuireadh ar Athló	2
Líon iomlán na gcruinnithe i 2014	72



CRUINNITHE DEN CHOMHAIRLE

Bíonn cruinniú míosúil ag Comhairle Contae Lú an tríú Luan de gach mí, mar aon le cruinniú reachtúil buiséid agus Cruinniú Bliantúil agus anuas air sin cruinnithe speisialta ó am go chéile de réir mar is gá chun déileáil le saincheistean ar nós an athbhreithnithe ar an bPlean Forbartha Contae. Tionóladh 18 chruinniú san iomlán i 2014.

Tionóladh an **Cruinniú Buiséid** reachtúil an 17 Samhain 2014 agus ag an gcruinniú sin phléigh an Chomhairle €93,045,875 d'ollchaiteachas ioncaim do 2015 agus glacadh Ráta bliantúil ar €62.46 de luacháil. San áireamh sa tuarascáil a cuireadh faoi bhráid na Comhairle i dteannta an dréachtbhuiséid bhí tuarascálacha ó gach ceann de na stiúrthóireachtaí ar an dul chun cinn a rinneadh i 2014 i bhfianaise an Phlean Chorpharáidigh roimhe sin.

COISTÍ CEANTAIR BARDASAIGH

Tá trí cinn de choistí Ceantair Bardasaigh ann ag éirí as na ceithre Thoghcheantar Áitiúil mar seo a leanas:

Ceantar Bardasach	Toghcheantar Áitiúil	Cathaoirleach:	Cruinnithe a bhí ann
Ceantar Bardasach DHÚN DEALGAN	Dún Dealgan/Cairlinn	An Cathaoirleach Declan Breathnach	An chéad Mháirt den mhí
	Dún Dealgan Theas		
Ceantar Buirge DHROICHEAD ÁTHA	Droichead Átha	An Méara Kevin Callan	An chéad Luan den mhí
Ceantar Bardasach BHAILE ÁTHA FHIRDHIA	Bhaile Átha Fhirdhia	An Cathaoirleach Jim Tenanty	An chéad Déardaoin den mhí

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Is clár fadréimseach é an t-athchóiriú rialtais atá sonraithe sa doiciméad “Tús Áite do Dhaoine” agus a cuireadh ar bhonn reachtach san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, ina gcuimsítear mórchuid gnéithe den tseirbhís rialtais áitiúil don phobal. San athchóiriú seo cuirtear béim láidir ar chuntasacht mar dhúshraithe le córas daonlathais áitiúil a oibríonn i gceart, agus ina ndéantar soláthar do chaidreamh níos fearr le saoránaigh.

Tabharfaidh Comhairle Contae Lú tús áite don tseirbhís do chustaiméirí sa mhéid seo, agus freisin i bhfianaise an laghdaithe shuntasáigh ar acmhainní agus geallann sé ár raon leathan seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil don phobal ar an tslí is fearr is féidir agus na caighdeáin is airde a chur i bhfeidhm i ngach caidreamh lenár gcustaiméirí.

D'éirigh linn feabhsúcháin shuntasacha a dhéanamh ar an tseirbhís do chustaiméirí agus d'athnuamar an bhéim ar thús áite a thabhairt don tseirbhís do chustaiméirí



ngach cuid dár ngníomhaíochtaí mar aon le prionsabal bunúsach measa, inrochtaineachta agus comhionannais a chur chun cinn sa tslí ina gcuirtear na seirbhísí ar fáil.

Príomhfhorbairtí sa tSeirbhís do Chustaiméirí i 2014

Seo a leanas cuid de na tionscnaimh shonracha seirbhíse do chustaiméirí:

- Tá Bainisteoir Seirbhíse do Chustaiméirí ceaptha chun Barrfheabhas i Seirbhísí do Chustaiméirí a chur chun cinn san eagraíocht.
- Tá foireann ar leith sheirbhísí do chustaiméirí ceaptha anois, agus tá gníomhairí sheirbhíse do chustaiméirí ar leith i nDroichead Átha, Dún Dealgan agus Baile Átha Fhirdhia arb iad na chéad phointí teagmhála do phobail agus do shaoránaigh áitiúla.
- Tá ionad glaonna amháin ann, atá ar fáil ó uimhir áitiúil, 1890 202 303.
- Tugadh isteach Córas Bainistíochta ar an gCaidreamh le Custaiméirí arb é a chuspóir córas a bheith againn trínar féidir linn iarratais agus ceisteanna ó chustaiméirí a rianú ar fud na heagraíochta, i ngach suíomh agus ar gach modh. Is córas ceann tosaigh coitianta é Sugar CRM chun déileáil le ceisteanna custaiméirí, is cuma cad í an cheist nó conas a fhaightear an cheist. Tá an chéad chéim dírithe ar fheidhmiúlacht maidir le ceisteanna Seirbhíse do Chustaiméirí a láimhsiú.
- Gealltanais d'fhaisnéis agus do chumarsáid ar líne ag díriú ar na meáin shóisialta @louthcoco.ie a úsáid agus trí www.fixyourstreet.ie ar suíomh gréasáin é atá ar fáil don phobal agus a bhfuil teicneolaíochtaí móibíleacha gaolmhara ar fáil air chun ábhair neamh-éigeandála ar nós *gráifítí, lochtanna bóthair, fadhbanna le soilsiú sráid, sceitheadh uiscelfadhbanna draenála, agus bruscar nó dumpáil mhídhleathach* a thuairisciú. Tabharfar freagra a cheisteanna laistigh de dhá lá oibre.

CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ


Thaispeáin Clár na dToghtóirí, a tháinig i bhfeidhm an 15 Feabhra, 2014, 92,293 de phobal vótála, comhdhéanta de:

Miondealú de réir chineál an toghthóra

Toghtóirí Uachtaránachta	87,170
Toghtóirí Dála	87,926
Toghtóirí Eorpacha	88,916
Toghtóirí Áitiúla	92,293



Miondealú de réir Toghcheantair Áitiúil



De bharr an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 díscóileadh trí cinn de chomhairlí baile agus cruthaíodh Ceantair Bhardasacha Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhún Dealgan agus Ceantar Buirge Dhroichead Átha. Dhá Thoghcheantar Áitiúil (Dún Dealgan Cairlín agus Dún Dealgan Theas) atá i gCeantar Bardasach Dhún Dealgan.

Clár Leasaithe na dTogthóirí

Tá 3,072 i gClár Leasaithe na dTogthóirí a tháinig i bhfeidhm an 15 Feabhra 2014.

Toghcháin le linn 2014


Dé hAoine an 23 Bealtaine ritheadh toghcháin áitiúil agus toghcháin do Pharlaimint na hEorpa ar an lá céanna.



DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

Íocadh €2,237,385.32 san iomlán i bhfoirm Deontais Ardoideachais sa bhliain acadúil 2013/ 2014. Tá gach deontas/táille a íoctar le mic léinn in-aisghafa ón Roinn Oideachais & Scileanna, ach amháin i gcás ranníocaíocht sheasta amháin de €6,279.11 Ní aisíoctar costais riaracháin na Comhairle.

Seo a leanas na staitisticí ar líon na n-iarratas ar Dheontas Ardoideachais a deonaíodh sna sé bliana acadúla deireanacha:



SEIRBHÍSÍ DO SHAORÁNAIGH

Saoráil Faisnéise

I 2013 rinneadh 41 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997/ 2003 ar Chomhairle Contae Lú. Bhí 25% de mhéadú ar fhiigiúir 2012 i gComhairle Contae Lú, ach 43% de laghdú ar fhiigiúir 2012 i gComhairle Buirge Dhroichead Átha agus i gComhairle Baile Dhún Dealgan.



	Comhairle Contae Lú 2013	Comhairle Buirge Dhroichead Átha 2013	Comhairle Baile Dhún Dealgan 2013	Comhairle Contae Lú 2014	Comhairle Buirge Dhroichead Átha 2014	Comhairle Baile Dhún Dealgan 2014
Líon iomlán na n-iarratas	33	4	4	41	3	1
- Pearsanta	9	3	Nialas	15	Nialas	Nialas
- Neamhpearsanta	21	1	4	24	3	1
- Measctha	3	Nialas	Nialas	2	Nialas	Nialas
Iarratais a Ceadaíodh	10	2	3	8	1	Nialas
Iarratais a Ceadaíodh i bPáirt	16	Nialas	Nialas	21	1	1
Iarratais a Diúltaíodh	7	2	Nialas	5	1	Nialas
Iarratais a Aistríodh	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Iarratais a Aistarraingíodh	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Iarratais aistarraingthe agus láimhseáilte lasmuigh den SF	Nialas	Nialas	1	2	Nialas	Nialas
Iarratais ar Athbhreithniú Inmheánach	1	1	Nialas	3	Nialas	Nialas
Achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise	Nialas	Nialas	Nialas	1	Nialas	Nialas
Foinse na nIarratas						
Iriseoirí	3	Nialas	Nialas	5	Nialas	Nialas
Gnó	9	1	Nialas	Nialas	Nialas	1
Oireachtas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Eile/An Pobal i gCoitinne	16	3	4	32	3	Nialas
Foireann	5	Nialas	Nialas	4	Nialas	Nialas



	Comhairle Contae Lú	Comhairle Buirge Dhroichead	Comhairle Baile Dhún Dealgan
Gearráin chuig an Ombudsman			
Gearráin a fuarthas i gcaitheamh na bliana	4		1
Ábhar na nGearán			
Pobal, Caitheamh Aimsire & Taitneamhachtaí			
Gnóthaí Corparáideacha			
Comhshaol/Forfheidhmiú/Tréidlianna	1		
Airgeadas			
Pleanáil don Todhchaí & Forbairt Eacnamaíoch			
Tithíocht	1		
Pleanáil			
Iompar/Trácht			1
Mótarcháin	2		
Seirbhísí Uisce			
Gearáin faoi Chairt na Saoránach			
Gearáin a fuarthas i 2014	10	0	0



TITHÍOCHT AGUS POBAIL

“Tithíocht i bPobail & i Seirbhísí Éigeandála Pobail inbhuanaithe a éascú trí chóiríocht a sholáthar a fhreagraíonn do riachtanais an uile dhuine trí phróiseas pleanála pobail.

MEASÚNÚ AR RIACHTANAIS TITHÍOCHTA 2016

Ag deireadh 2014 bhí 4,535 iarrthóir ar liosta tithíochta Chomhairle Contae Lú, 592 iarrthóir ar liosta Cheantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia, 1823 ar liosta Cheantar Bardasach Dhroichead Átha agus 2120 ar liosta Cheantar Bardasach Dhún Dealgan.

Leithdháiltí Tithíochta

Leithdháileadh 87 teach sóisialta agus 41 teach eile trí chumainn deonacha tithíochta. Mar scéim phíolótach, úsáideadh an Scéim Ligin Bunaithe ar Rogha chun dhá aonad cónaithe a leithdháileadh. Oibríonn an scéim ar an mbonn go bhfógraítear teach folamh ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus go dtugtar cuireadh d’iarrthóirí léiriú spéise a dhéanamh maidir le tithe ar leith. Tar éis an dáta deiridh, measúnaítear na hiarrthóirí agus déantar an leithdháileadh. Tá súil againn an scéim seo a leathnú i 2015.

An Scéim um Chóiríocht Cíosa (RAS)

Tionscnamh de chuid na n-údarás áitiúil is ea an Scéim um Chóiríocht Cíosa ag tacú le cláir tithíochta sóisialta. Tógtar cóiríocht phríobháideach ar son tionóntaí incháilithe; ag deireadh 2014 bhí 174 áitreabh oiriúnach sa Scéim RAS.

Léasanna Fadtéarmacha

Tógann an Chomhairle aonaid chónaithe ón earnáil príobháideach ar léas fadtéarmach i gcónaí ar feadh tréimhsí suas le 20 bliain. Úsáidtear na tithe agus na harásáin seo chun cóiríocht a chur ar fáil d’iarrthóirí ón liosta tithíochta.

Stoc Príobháideach ar Cíos

Le linn 2014 rinneadh 991 cigireacht ar stoc príobháideach ar cíos de réir Rialachán na gCaighdeán i dTithíocht ar Cíos.

AN ROINN CÍOSANNA AGUS COTHABHÁLA

Stoc Tithíochta

Ag deireadh 2014 ba é **3,953** stoc tithíochta na Comhairle, lena n-áirítear:-

Aonaid chónaithe na Comhairle ar cíos:	3634
Léasanna Fadtéarmacha	230
Eile:	89

Cothabháil

Tá an Chomhairle agus tionóntaí freagrach as 3,864 aonad a chothabháil. Áirítear ar



fhreagrachtaí na Comhairle príomhstruchtúr an fhoirgnimh lena n-áirítear na córais leictreacha agus teasa seasta a dheisiú. Fuarthas 4,919 iarratas ar dheisiú i 2014. Roinntear deisiúcháin idir dheisiúcháin éigeandála, deisiúcháin phráinneacha, gnáthdheisiúcháin agus deisiúcháin neamhphráinneacha. Déantar deisiúcháin éigeandála laistigh de 3 lá oibre.

Cíosanna

Láraíodh an Roinn Cíosanna i nDroichead Átha i 2014 agus déanann an Roinn sin 4,057 cuntas a bhainistiú. Measúnaítear cíosanna tithíochta ar bhonn cíosanna difreáilte, de réir Scéim Cíosanna Chomhairle Contae Lú:

- Daoine a bhfuil ioncam íseal acu, léiríonn an cíos é sin.
- Má mhéadaíonn d'ioncam, méadóidh do chíos, leis.
- Cuirtear gach ioncam sa teach san áireamh agus coigeartaítear an cíos dá réir.
- Má athraíonn d'ioncam nó ioncam aon duine sa teaghlach, ní mór duit é sin a chur in iúl don údarás áitiúil chun go ndéanfar an cíos a choigeartú suas nó síos dá réir.

Ba é €9,403,061 an t-ioncam ó chíosanna i 2014.

Riaráistí Cíos

B'fhiú €1,888,011 na riaráistí cíos ag deireadh 2014. Glacadh cur chuige coisctheach chun riaráistí cíos a sheachaint agus ní mór do gach tionónta nua an cíos a íoc trí Bhuiséad Teaghlaigh nó trí bhanc. Tá an Fhoireann Chíosanna ar fáil chun casadh le tionóntaí chun cabhrú le pleananna íocaíochta a shocrú agus is minic is féidir é sin ar an bhfón. Is féidir litreacha rabhaidh a eisiúint do thionóntaí chun a gcuid riaráistí a réiteach. Déanann an Chomhairle beart níos tromchúisí má theipeann ar thionóntaí a gcuid riaráistí a laghdú agus déantar beart reachtach chun seilbh a fháil ar áiteanna cónaithe.

BAINISTÍOCHT EASTÁT

Le Beartas Bainistíochta Eastá Chomhairle Contae Lú

féachtar le rannpháirtíocht i mbainistíocht na n-eastát údaráis áitiúil a chur chun cinn agus a éascú. Cuirfear tacaíocht ar fáil do ghrúpaí tionóntaí trí scéimeanna éagsúla deontais agus tionscnaimh eastát agus oibríonn beirt Oifigeach Caidreamh le Tionóntaí na Comhairle le cónaitheoirí in eastáit chun grúpaí cónaitheoirí a bhunú agus a thacú chun dul i mbun tionscadail pobalbhunaithe agus chun díriú ar aon fhadhbanna a



Baill de Ghrúpa Cónaitheoirí Chéide Choill na bhFeá, Dún Léire le trealamh beartha féidir a mhaoinigh Chomhairle Contae Lú.



thagann chun cinn san eastát ó cheann ceann na bliana. Is féidir go mbíonn gá le comhartha amhail 'cosc ar imirt liathróide' a chur in airde nó tionscnaimh a dhéanamh chun iompar frithshóisialta in eastáit a 'dhearadh amach'. Lena chois sin, chuir Comhairle Contae Lú tacaíocht airgeadais agus lóistíochtúil ar fáil do roinnt tionscadal tírdhrechtaithe faoi stiúir cónaitheoirí agus chun trealamh bearrtha féir agus garraíodóireachta a cheannach ar mhaithe le heastáit a chothabháil. D'éirigh le tionscnamh eile trínar cuireadh araidí bruscair pobail agus trealamh piochta bruscair ar fail chun tionóntaí a spreagadh chun a bheith gníomhach in obair chun an chuma ar a n-eastát féin a fheabhsú. Mar phointe fócais do rannpháirtíocht pobail, téann eastáit údarais áitiúil isteach i gcomórtais do dhuaiseanna áitiúla don timpeallacht, a spreagann mórtas agus rannpháirtíocht ina gcuid pobail.



Tionscadal feabhsúcháin eastát faoi threoir cónaitheoirí i bPáirc an Athar Finn, Sráidbhaile Lú

Déanann Oifigigh Teagmhála do Thionóntaí cigireachtaí a thithe le cinntiú go ndéantar tithe aonair a chothabháil ar chaighdeán cuí agus go gcuirtear tacaíocht ar fáil do thionóntaí nuair is gá feabhsuithe a dhéanamh. Gach tionónta a fhaigheann tionóntacht ón gComhairle, cuirtear oiliúint réamhthionóntachta ar fáil chun an fhaisnéis chuí a thabhairt dóibh agus iad a chur ar an eolas maidir lena bhfreagrachtaí mar thionóntaí. Déantar cigireacht ar gach leithdháileadh nua ón gComhairle tar éis an leithdháilte le cinntiú go gcoimeádtar dea-chaighdeán agus chun aon fhadhbanna a aithint a luaithe is féidir.

CROÍ NA TITHÍOCHTA

Scéim Athchóirithe Dhiméin Cox

Tar éis Céim 1 d'Áthchóiriú Dhiméin Cox a chríochnú go rathúil, inar caitheadh €3 mhilliún ar oibreacha feabhsaithe fuinnimh ar 650 teach, chuaigh Comhairle Contae Lú ar aghaidh le learadh Céim 2 de na hoibreacha, ina dtógfar 34 aonad nua tithíochta. Thug an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil a ceadú agus thosaigh oibreacha Céim 2A agus oibreacha gaolmhara comhshaoil ar an suíomh go luath in Eanáir 2015. Tá na hoibreacha beartaithe le bheith críochnaithe go luath in Eanáir 2016 as a leanfaidh 14 aonad nua a thógfar ar ardleibhéal éifeachtúlachta agus a chabhróidh chun stoc tithíochta a sholáthar a cheadóidh maireachtáil ar feadh an tsaol. Meastar go gcuirfeadh tús láithreach le hoibreacha Céim 2B a luaithe a chríochnaítear Céim 2A.

Tionscadal Píolótach Fuinnimh Lú

Le déanaí chríochnaigh Comhairle Contae Lú an scéim feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh is mó dá chineál san Eoraip ina ndearnadh oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh in 2,100 de thithe údarais áitiúil. De réir Cathaoirleach of Chomhairle Contae



Brendan Gillard (Innealtóir Tithíochta) agus Oliver Tully (Cathaoirleach)

Lú, an Cllr. Peter Savage, “Is cúis mórtais dúinn go ndeachaigh Lú sa chéad áit ó thaobh méid an tionscailm éifeachtúlachta fuinnimh seo. Sa tionscadal seo rinneadh uasghrádú éifeachtúlachta fuinnimh ar 2,100 teach údaráis áitiúil sa chontae. Leis na huasghráduithe fuinnimh seo laghdófar na billí fuinnimh baile agus méadófar leibhéal compoird na dteaghlaigh sna tithe.

Chuir Comhairle Contae Lú an tionscadal i gcrích i gcomhar le comhpháirtithe tionscadail Electric Ireland, SEAI, Climote agus Kingspan, agus tosaíodh le triail den chóras téimh baile cianda climote i 40 aonad cónaithe i bPáirc Chuaille, Dún Dealgan i nDeireadh Fómhair 2013. Dá bharr sin, rinneadh uasghrádú fuinnimh ar 2,000 aonad cónaithe i Leithinis Chuaille le córais rialaithe teasa cianda climote agus rinneadh uasghrádú iomlán fuinnimh ar 100 teach eile, insliú ó Kingspan san áireamh.

Ag labhair dó ag ócáid i nDún Dealgan chun críochnú an tionscadail a admháil, dúirt an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Alex White, T.D. “an rud a chuireann áthas orm sa tionscadal seo ná nasc inbhraite a fheiceáil idir an beartas fuinnimh agus fíorfheabhsúcháin i gcáilíocht bheatha na saoránach. Taispeánann sé, leis, ar féidir le húdaráis áitiúla a dhéanamh chun cuspóirí an Bheartais Náisiúnta Fuinnimh a bhaint amach. Beidh sé seo ina bhonn faoin bPlean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí, a bheidh á fhoilsiú agam san fhómhar. Is léiriú é tionscadail mar seo a chur i gcrích ar chur chuige nua i leith maoiniú éifeachtúlachta fuinnimh san earnáil phoiblí.’

Bhí Comhairle Contae Lú chun tosaigh, uair amháin eile, ó thaobh oibreacha feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh a chur ar fáil, agus meastar go ngníomhóidh údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí tithíochta eile ar fud na hÉireann níos déanaí sa bhliain chun aithris a dhéanamh ar an tionscadal a cuireadh i gcrích i Lú i gcomhar le climote agus comhpháirtithe tionscadail eile.



COISTE ÁITIÚIL FORBARTHA POBAIL LÚ

Bunaíodh Coistí Áitiúla Forbartha Pobail (LCDC) faoi alt 36 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014. Bhí tús curtha ag Comhairle Contae Lú leis an struchtúr seo ar bhonn riaracháin cheana fein ó Aibreán 2014.

Ghlac Comhairle Contae Lú le rún go foirmiúil le ballraíocht LCDC Lú ag a gcruinniú den 21 Iúil 2014.

Ról LCDC Lú

Is é ról LCDC Lú cur chuige comhtháite agus iomlánaithe i leith forbairt áitiúil pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i ngníomh. Seo go hachomair na feidhmeanna a chuirfidh an LCDC i gcrích faoi fhorálacha an Achta:

- Déanfaidh an LCDC cistiú na forbairt áitiúla agus pobail a phleanáil agus a mhaoirsiú idir an méid a chaitheann Comhairle Contae Lú nó comhlachtaí forbartha eile thar ceann an stáit.
- Glacfar cur chuige aonaithe i leith forbairt áitiúil agus pobail trí chur chuige comhtháite i leith seirbhísí áitiúla pobalbhunaithe.
- Spreagfar an pobal le bheith páirteach i bpróisis pleanála saoránach agus pobail a mbeidh brí leo.
- Breiseofar na naisc idir seachadadh seirbhísí agus forbairt beartais trí fhoghlaim ghníomhach agus aiseolas.
- Féachfar le cláir áitiúla agus pobail forbartha agus struchtúir seachadta a bhainistiú ar shlí níos éifeachtaí ó thaobh costais.
- Imscrúdófar na deiseanna do chistiú breise

Is é príomhfheidhm LCDC Lú na míreanna pobail i bPlean Eacnamaíoch agus Pobail 2015-2020 a ullmhú, a chur chun feidhme agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Déanfaidh LCDC Lú comhordú, bainistiú agus maoirsiú ar fheidhmiú na gclár áitiúil agus pobail forbartha atá ceadaithe ag Comhairle Contae Lú nó le comhaontú leis an LCDC agus údarás áitiúil ábhartha. Ina cháil mar mhaoirseoir, feabhsóidh agus comhordóidh LCDC Lú cláir a mhaoinítear go poiblí chun dúbailt a sheachaint agus gníomhartha CLISTE (Sonrach, Intomhaiste, Insroichte, Ábhartha agus Teoranta ó thaobh Ama) a chinntiú maidir le seachadadh gníomhartha i gCo. Lú.

Ina theannta sin, breithneoidh LCDC Lú dréachtbhearta eacnamaíocha LECP Lú.

Tarmhliceadh gníomhaíochtaí Chomhairle Contae Lú maidir le cur chun cinn leasanna sa phobal i gContae Lú, mar atá leagtha amach in Alt 66 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2001, do LCDC Lú faoi Alt 128B(2) den Acht Rialtais Áitiúil 2014 agus seo iad a leanas:



- cuimsiú sóisialta, nó forbairt shóisialta, chomhshaoil, chaitheamh aimsire, chultúrtha nó pobail,
- Forbairt ghinearálta, lena n-áirítear feidhmeanna fiontair agus eacnamaíocha, ag éirí as gníomhaíochtaí áitiúla agus pobail forbartha, laistigh de limistéar feidhme an údaráis áitiúil.

Treoirphrionsabail LCDC Lú

Cuireann LCDC Lú maoirseacht agus rialachas ar fáil don fhorbairt pobail i gContae Lú. Déantar amhlaidh trí chur chuige rannpháirteach ‘ón mbonn aníos’ trína n-aithnítear tosaíochtaí trí dhul i gcomhairle go lánbhríoch leis an bpobal. Coimeádfaidh LCDC Lú fócas soiléir ar phobail imeallaithe a chur san áireamh, dul i mbun oibre le daoine ar chumais agus taithí éagsúil i gcomhpháirtíocht chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní áitiúla i dtaca le pleanáil agus forbairt beartais. Díreofar go sonrath ar thimpeallacht pobail a chur ar fáil ina dtabharfar tús áite d’fhiontair agus do chruthú post.

Ballraíocht

Ballraíocht de 19 atá ag LCDC agus toghadh nó ainmníodh na baill trí na colúin éagsúla.

Baill den Earnáil Phoiblí	Baill den Earnáil Phríobháideach
An Cathaoirleach Colm Markey	Mr Paddy Matthews, Chamber
An Cllr Dolores Minogue	Mr. John Cotterell, Chamber
An Cllr Pearse McGeough	Mr. Eddie Phelan, PPN Deonach
An Cllr. Liam Reilly	Ms Marian Sloan, PPN Cuimsiú Sóisialta
Mr Joe English, LEO, LCC	Mr. Anthony McArdle, PPN Deonach
Ms Anne Keeley, Coimirce Sóisialta	Mr. Kevin Moran, PPN Cuimsiú Sóisialta
Ms Fiona Murphy, FSS	Mr. Breffni Martin, PPN Comhshaoil
Mr. Joe McGuinness, CCL	Mr. Frank O’Brien, ICTU
Mr. Peter Kierans, LMETB	Ms Breeda Tuite, Feirmeoireacht
	Ms Mary Ann McGlynn, Comhpháirtíocht Leader Lú



Baill den Earnáil Phoiblí		Cruinnithe ar freastalaíodh orthu			
		25/04/2014	26/08/2014	22/09/2014	03/11/2014
	An Cllr Frank Maher	✓			
	An Cllr Colm Markey	✓	✓	✓	✓
	An Cllr Dolores Minogue		✓	✓	✓
	An Cllr. Liam Reilly		✓		
	An Cllr Pearse McGeough		✓	✓	✓
CCL	Joe McGuinness	✓	✓	✓	✓
FSS	Fiona Murphy			✓	✓
RCS	Ann Keeley	✓			
LMETB	Peter Kierans	✓			
LEO	Mary T Daly/Joe English		✓	✓	✓
Príomhoifigeach	Mary Deery	✓	✓	✓	✓
Baill den Earnáil Phríobháideach					
Cuimsiú Sóisialta	Kevin Moran	✓	✓	✓	
Pobal	Anthony McArdle	✓	✓	✓	✓
Pobal	Eddie Phelan	✓	✓		
Cuimsiú Sóisialta	Marian Sloane	✓	✓	✓	✓
Comhshaol	Breffni Martin		✓		
Feirmeoireacht	Breda Tuite	✓	✓	✓	✓
CoC Dhún Dealgan	Paddy Matthews	✓	✓	✓	✓
CoC Dhroichead Átha	John Cotterell		✓	✓	✓
ICTU	Frank O'Brien	✓	✓	✓	✓
LLP	Mary-Ann McGlynn	✓	✓		✓



Ceanglaítear ar LCDC faoin reachtaíocht tuarascáil bhliantúil ar a ghníomhaíochtaí sa bhliain roimhe sin a fhoilsiú. Sna blianta amach romhainn beidh an tuarascáil bhliantúil sin mar chuid de Thuarascáil Bhliantúil an údaráis áitiúil. Ba chóir go soláthródh an tuarascáil gearrchuntas ar ghníomhaíochtaí sa tréimhse tuairiscithe. Ba chóir an chéad tuarascáil seo, formhuinthe ag an LCDC, a chur faoi bhráid na Comhairle tofa roimh an 31 Márta 2015 nó díreach tar éis an chéad chruinnithe eile de LCDC, atá sceidealta don 13ú Aibreán seo chugainn.

Gearrchuntas ar Ghníomhaíochtaí

Taifead de chruinnithe LCDC tar éis an bhunaithe:

• 25 Aibreán 2014
• 26 Lúnasa 2014
• 22 Meán Fómhair 2014
• 3 Samhain 2014

Seo a leanas na gníomhaíochtaí a chlúdaigh an LCDC le linn 2014:

- **Toghadh an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh**

Ag cruinniú LCDC Lú in Aibreán 2014 toghadh an Cllr. Colm Markey ina Chathaoirleach eatramhach go dtí go mbeadh toghcháin áitiúil 2014 ann i mBealtaine. Ag cruinniú an LCDC i Lúnasa toghadh an Cllr. Colm Markey ina Chathaoirleach agus Kevin Moran (Cuimsiú Sóisialta PPN Eatramhacha) ina leas-chathaoirleach. Ghlac gach ball den LCDC na buanorduithe go foirmiúil agus chomhlíon siad na critéir maidir le coinbhleacht leasanna sa Chód Iompair do Chomhairleoirí Contae.

- **Ceadaíodh íocaíochtaí faoin gClár Áitiúil Forbartha Pobail (LCDC) ón 1 Iúil 2014.**

D'éag an LCDC i Nollaig 2014 ach ba ghá don LCDC íocaíochtaí sa tréimhse Iúil go Nollaig 2014 a cheadú agus déanamh amhlaidh i ngach cás.

- **Maoirsiú ar Phróiseas Soláthair an Chláir Gníomhachtaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta**

Is é an clár seo an clár cuimsithe sóisialta maoinithe is mó sa tír a chuirtear ar fáil go díreach do phobail. Is é aidhm an chláir a chumasú do phobail faoi mhíbhuntáiste planáil agus soláthar a dhéanamh ar a son féin. Is iad na spriocghrúpaí:

- Páistí agus teaghlaigh i gceantair faoi mhíbhuntáiste
- Tuismitheoirí aonair
- Pobail nua (Dídeanaithe agus Lucht Iarrtha tearmainn ina measc)
- Daoine a chónaíonn i bpobail faoi mhíbhuntáiste
- Daoine atá faoi mhíchumas



- Na Romaigh
- Daoine atá dífhostaithe (lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil ar an mBeochlár)
- Taistealaithe
- Daoine óga dífhostaithe ó cheantair faoi mhíbhuntáiste

Leithdháileadh €965,881 ar Lú sa tréimhse Márta 2014-Nollaig 2014. Dhá chéim a bhí sa chlár soláthair teoranta, céim 1 a chuir Pobal ar fáil, agus céim 2 a chuir Comhairle Contae Lú ar fáil. Rinne an LCDC an soláthar a mhaoirsiú agus a fhorhuiniú.

- **Réamhobair ar eilimintí pobail den Phlean Áitiúil Eacnamaíoch Pobail.**

Rinne Comhairle Contae Lú agus LCDC Lú anailís ar shonraí socheacnamaíocha maidir le Contae Lú. Mar ullmhúchán don phlean, b'éigean do LCDC Lú taighde deisce a dhéanamh ar phleananna agus cláir náisiúnta ar leith a chaithefear a chur i gcrích tríd an LECP ar leibhéal áitiúil.

Eagraíodh comh-cheardlann ardleibhéil pobail agus eacnamaíoch an 5 Meán Fómhair 2014 mar ar rinneadh scrúdú agus plé ar na sonraí socheacnamaíocha. Léirmhíníodh an t-aiseolas ón gceardlann i gcomhar leis na sonraí agus ceapadh dréacht-chreat.



TACAÍOCHT POBAIL 2014

Coiste Náisiúnta na mBailte Slachtmhara

Éiríonn go maith i gcónaí le bailte agus sráidbhailte i Lú i gcomórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Choimeád Dún Dealgan agus Droichead Átha a mboinn óir, bhuaigh Baile an Tallúnaigh agus Na Creagacha Dubha boinn airgid, agus Droichead an Chnoic bonn cré-umha; mhéadaigh gach ionad i Lú ar mharcanna na bliana seo caite agus leanann siad den chaighdeán a shocrú ar an leibhéal náisiúnta. Bhuaigh Cill an Churraigh an Duais Iarrachta on chontae, agus bhuaigh Droim Ineasclainn Duais Speisialta as na hionaid fág anseo ab fhearr.

Duaiseanna Dea-bhail ar Lú 2014

An 18 Meán Fómhair, eagraíodh Duaiseanna Dea-bhail ar Lú 2014 chun luach saothair a bhronnadh ar ghrúpaí bailte slachtmhara, cumainn cónaitheoirí, grúpaí pobail, gnóthais agus saorálaithe a oibríonn go crua chun an contae a fheabhsú.

Ba é Na Creagacha Dubha buaiteoir foriomlán an chomórtais, le Baile an Tallúnaigh agus Droim Ineasclainn sa dara agus sa tríú háit faoi seach. Bhuaigh Baile an Ghearlánaigh - Cill Sáráin an duais don bhaile ba mhó feabhas, Dún Léire duais an mholtóra, agus ba é Corrán De La Salle i mBaile Átha Fhirdhia a bhuaigh an duais don Eastát Tithíochta ab Fhearr sa chontae.



Áilleacht ar na Gradaim Bóinne 2014

Bhí na gradaim ar siúl ar 23 Deireadh Fómhair, 2014 a aithint agus aitheantas a thabhairt go léir na cumainn áitritheoirí, grúpaí pobail agus gnólachtaí atá ag obair go crua chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha i mbaile Dhroichead Átha.



Cuir Feabhas an mBaile Seo Againne Dhún Dealgan 2014

Bronnadh na duaiseanna seo an 9 Deireadh Fómhair agus ba aitheantas iad don obair a dhéanann cónaitheoirí, grúpaí pobail, saorálaithe agus gnóthais i mbaile Dhún Dealgan.

Feachtas na Scoileanna

Tá Clár Glas na Scoileanna ag fás i gcónaí i Lú agus tá scoileanna ar fud an chontae cláraithe don chlár náisiúnta comhshaoil seo. Bronnadh bratacha ar thrí cinn de scoileanna den chéad uair i mbliana.



Bunscoileanna

Tá ag éirí le feachtas comhshaoil na mBunscoileanna i gcónaí. I mbliana chuaigh 42 scoil áitiúil isteach sa chomórtas, agus bhain gach ceann díobh aitheantas ag an searmanas Duaiseanna an 18 Meitheamh 2014.



Meánscoileanna

Taispeánadh feachtas na meánscoileanna an 24 Eanáir 2014, nuair a chruthaigh 51 dalta idirbhliana i scoileanna ar fud an chontae rudaí déanta as ábhar athchúrsáilte. Is cuid den chlár é seo ina bhféachtar le feachtas ar athchúrsáil agus cosc dramhaíola sa chontae a mhéadú,

mar a cheanglaítear faoin bPlean Réigiúnach um Bainistíocht Dramhaíola.

D'éirigh leis na daltaí céanna duais a bhaint ag an leibhéal náisiúnta nuair a bhain 14 fhoireann áit sa chomórtas réigiúnach de 'Junk Kouture'. Roghnaíodh ceathrar as an slua sin chun dul ar aghaidh chuig an gComórtas Náisiúnta, agus bhuaigh duine amháin díobh Duais Réigiúnach an Oirthir agus tugadh clúdach leathan sna meáin dó.





Feachtas Raidió Nollaig níos Glaise

Tugadh faoin dara bliain den chomhthionscnamh seo i gcomhar le bunscoileanna áitiúla agus LMFM chun cosc dramhaíola a chur chun cinn le linn shéasúr na saoire. Ag an am seo den bhliain is gnách ionaid beir leat agus ionaid athchúrsála a bheith plódaithe le dramhaíl. Príomhchuspóir de Phlean Bainistíochta Dramhaíola Lár na Tíre an Oirthir is ea dramhaíl a choisceadh. Scríobh daltaí scoile áitiúla dánta chun cosc dramhaíola a chur chun cinn, agus taispeánadh iad ar shuíomh gréasáin www.louthcoco.ie le linn na saoire. Taifeadfadh na trí iontráil a bhuaigh duaiseanna mar fhógraí raidió chun feachtas a chothú ó thús deireadh shéasúr na Nollag.



Feachtas an Bhruscair Ghuma

Chuaigh foireann Chomhairle Contae Lú i gcomhar le Coiste na mBailte Slachtmhara ar fud an chontae chun aird a tharraingt ar fhadhb an bhruscair ghuma ar na sráideanna seo againne.

Eagraíodh ócáid promóisin ag Ionad Siopadóireachta na Riasca, Dún Dealgan, an 6 Lúnasa 2014.



An Irish Sports Council Initiative

Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú

Comhpháirtíocht Spóirt Lú: Sprioc Straitéiseach 1: Rannpháirtíocht a Mhádú

1.1 Spriocanna rannpháirtíochta do spriocghrúpaí:

- Buntús Start do Réamhscoileanna: Clár gníomhaíochta fisiciúla is ea Buntús Start do leanaí idir 2 agus 5 bliana. Faigheann múinteoirí réamhscoile 6 uair an chloig d'oiliúint chun an clár a chur ar fáil mar aon le mála mór trealaimh agus cártaí acmhainní. Tá 91 seirbhís réamhscoile bainteach leis an gclár agus oibríonn 611 ball foirne oilte le 3718 leanbh.
- Buntús Generic do Bhunscoileanna: Buntús Generic – Dearadh an clár seo mar fhorlónadh ar shnáithe cluichí an churaclaim chorpoideachais. Cuirtear ceithre uair an chloig d'oiliúint ar mhúinteoirí, agus faigheann siad cártaí acmhainne agus dhá mhála mór trealaimh chomh maith. Tá 66 scoil bainteach leis an gclár agus oibríonn 839 ball foirne oilte le 13,000 leanbh.
- Bhí cúig scoil rannpháirteach i gclár Lúthchleasaíochta Sportshall i 2014. Lúthchleasaíocht istigh do leanaí is ea Sportshall. Is modh taitneamhach é chun bunscileanna spóirt agus corpacmhainne a fhorbairt le linn mhíonna fuara an gheimhridh agus is slí aois-oiriúnach é isteach i rannpháirtíocht phríomhshrutha. Tionscnamh de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Lú is ea an chlár, a d'eagraigh Ionad Spóirt Dhún Dealgan i gcomhar le DKIT. Eagraíodh lá cluichí ceannais Lú, bhí cúig scoil rannpháirteach ann agus chuaigh trí cinn de na scoileanna sin ar aghaidh go dtí na Cluichí Ceannais Náisiúnta i mBaile Átha Luain.



Lúthchleasaíocht Sportshall in Ionad Spóirt Dhún Dealgan ▲

- Clár Gníomhaíochta Iar-scoile - Bí Gníomhach – I 2014 bhí cúig scoil rannpháirteach sa chlár, agus oileadh 30 saorálach tuismitheora agus 18 múinteoir. Forbraíodh an clár mar fhreagra ar an ngá atá le gníomhaíocht fisiciúil a leathnú i measc leanaí scoile agus tuismitheoirí a mhealladh



- le bheith rannpháirteach sna gníomhaíochtaí sin. Cuirtear oiliúint ar na saorálaithe tuismitheora agus ar na múinteoirí agus faigheann an scoil fillteán ina mbíonn cártaí acmhainne. Cúig roinn atá sna cártaí: cluichí, aclaíocht, rinne, gníomhaíochtaí lasmuigh agus eachraíocht agus lúthchleasaíocht.
- Le linn na Seachtaine Náisiúnta Caitheamh Aimsire bhí seans ag 29 ógánach triail a bhaint as cadhcáil, canúáil agus cláir sheaschéaslóireachta agus bhí 13 ógánach páirteach i gcampa samhraidh sacair. Eagraíodh é seo i gcomhar leis an FAI i gceantar faoi mhíbhuntáiste.



- Eagraíodh Trí-athlan na hIdirbhliana don tríú bliain as a chéile. Bhí 158 dalta as 8 scoil rannpháirteach san ócáid. Iarradh ar na daltaí 200m a snámh laistigh, turas rothaíochta 10k a dhéanamh agus 3k a rith. D'fhéadfadh na daltaí a bheith rannpháirteach go haonair nó mar bhall d'fhoireann.



▲ Trí-athlan na hIdirbhliana 2014 ▲



- Oilíúint Feasachta ar Mhíchumas – Cuireadh oilíúint ar 256 rannpháirtí ó ghrúpaí idirbhliana, clubanna spóirt agus institiúidí tríú leibhéal.
- Cuireadh ranganna rince Zumba do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil i nDroichead Átha do 17 rannpháirtí.
- Cuireadh ranganna aeróbaice uisce do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil do 10 rannpháirtí.
- Ghlac 30 rannpháirtí páirt i gclár gníomhaíochtaí fisicí do dhaoine faoi mhíchumas in Ionad Naomh Eoin Dé. Bhí cluichí, bunscileanna gluaiseachta agus bocaccia agus nuachurláil i measc na ngníomhaíochtaí.
- Tacaigh Comhpháirtíocht Spóirt Lú le bunú Parkrun in Seandroichead, Co. na Mí. Bíonn 150 rannpháirteach sa rith anois go rialta.
- D'eagraigh Comhpháirtíocht Spóirt Lú scéimeanna deontais ag díriú ar rannpháirtíocht ó dhaoine faoi mhíchumas mar aon scéim deontais Chlub Spóirt chun tacú le clubanna agus grúpaí chun rannpháirtíocht a choimeád agus a mhéadú. Fuair 18 club €11,200.
- Eagraíodh ranganna rince agus aclaíochta do sheanáirí i mBaile Átha Fhirdhia, Na Creagacha Dubha agus i nDún Dealgan agus bhí 55 rannpháirteach iontu. I 2014, d'úsáid 20 duine fásta seirbhís tacaíocht fóin FitLine do sheanáirí ar mian leo a bhith níos gníomhaí go fisiciúil.

Daoine Fásta Scothaosta Rince Aicme ▶



- Imeachtaí Sheachtain Náisiúnta na Rothar eagraithe i Meitheamh 2014 áiríodh laethanta, bunaithe seiceálacha sláinte teaghlaigh spraoi scoil rothar agus oilíúint



sábháilteachta rothaíochta. Ghlac thart ar 400 duine páirt i Seachtain na Rothar sa Chontae.

◀ Seachtain na Rothar 2014

RÁITEAS MISIN

“Ceannaireacht agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Lú”



- Bhí 241 duine páirteach i Siúlóid Operation Transformation i nDún Dealgan in Eanáir 2014. Eagraíodh grúpa siúil/bogshodair san ionad oibre, leis.



▲ Siúlóid O.T. i nDún Dealgan ▲

1.2 Forbairt Club agus Saorálaithe

- Cuireadh oiliúint ar fáil do chlubanna agus do shaorálaithe ar an gCód Eitice (18 gcúrsa le 283 rannpháirtí) agus Oiliúint d'Oifigeach Leanaí Club (cúrsa amháin le 15 rannpháirtí)
- Cuireadh oiliúint agus comhairle ar mhaoiniú agus ar chur chun cinn clubanna áitiúla ar fáil

1.3 Teacht ar Shaoráidí

- Tá eolaire de shaoráidí contae spóirt tiomsaithe ag Comhpháirtíocht Spóirt Lú.

Comhpháirtíocht Spóirt Lú: Spric Straitéiseach 2: Comhpháirtíochtaí Inbhuanaithe a Bhunú

- Bunaíodh foghrúpa de bhord na Comhpháirtíochta do réimsí oibre na ndeontas.
- Coimeádadh an €100,582 de chroí-chistiú ó Chomhairle Spóirt na hÉireann do 2014. B'ionann sin agus 3% de laghdú ar 2013. Cuireadh cistiú áitiúil ar fáil ar aon dul le cistiú Chomhpháirtíocht Spóirt Lú trí iarratais eile ar chistiú agus sochar comhchineálach chuig an gComhpháirtíocht.
- Éascaíodh na mic léinn socrúchán oibre ó DkIT i gcaitheamh na bliana agus rinneadh naisc le cláir eile in DkIT agus DIFE araon maidir le cláir staidéir a nascadh le taithí oibre ag imeachtaí den Chomhpháirtíocht.
- Tá líonra amháin Chomhpháirtíocht Spóirt Lú gníomhach i láthair na huair - Líonra Múinteoirí Corpoideachais Lú.
- Le linn 2014 thóg muid ar chomhpháirtíochtaí reatha leis na NGBanna. Thacaíomar réamhrá Ceardlann cruicéad agus ceardlann eitpheile Spikeball agus ceardlann badmantan do mhúinteoirí / oiliúnóirí agus seachadadh ar an gclár Sporsthall Lúthchleasaíocht.



Comhpháirtíocht Spóirt Lú: Sprioc Straitéiseach 3:

An chumarsáid a fhorbairt agus a fheabhsú

- Cuirtear nuashonruithe ar imeachtaí agus faisnéis ar fáil do chlubanna trínár dteagmhálaithe ríomhphoist, Twitter agus preasráitis chuig na meáin áitiúla.
- Déantar an suíomh gréasáin agus an liosta teagmhálaithe ríomhphoist a nuashonrú go rialta le teagmhálaithe nua club.

Comhairle Buirge Dhroichead Átha / Ceantar Buirge Dhroichead Átha

Staid Lourdes:

Rinne Comhairle Buirge Dhroichead Átha / Ceantar Buirge Dhroichead Átha oibriú agus cothabháil ar staid Lourdes le linn 2014. Tá an rian curtha in áirithe go hiomlán d'uaireanta oscailte tráthnóna sa tseachtain agus úsáideann 7 club éagsúla an tsaoráid. Tá amanna curtha ar fáil d'úsáideoirí ócáideacha íoc mar a úsáidtear, ag am lóin agus go luath sa tráthnóna. D'úsáid 15,000 duine nó mar sin an staid gach bliain ó osclaíodh é i Samhain 2012. Beidh an t-ioncam ó úsáideoirí club agus ó úsáideoirí ócáideacha ionann agus €6,642.25 go deireadh 2014.

Cuireadh tús leis an tógáil ar Fhaiche Nua Babhlála Uile-Aimsire i Nollaig 2014 ar roinnt den suíomh láimh le Reilig Naomh Peadar.

Ionad Fóillíochta Dhroichead Átha:

Tá tóir i gcónaí ag shaoránaigh Dhroichead Átha agus saoránaigh sa cheantar máguaird ar Ionad Fóillíochta Dhroichead Átha. Leanfaidh an Chomhairle de leas a bhaint as deontais chaipitil spóirt chun feabhsúcháin leanúnach a dhéanamh ar an ionad.

Ionad Pobail Dhroichead Átha:

Ghlac Aonad Spóirt Chomhairle Contae Lú bainistíocht Ionad Pobail Dhroichead Átha ar láimh i mBealtaine 2014.

Ionad Spóirt Dhún Dealgan:

Tá athchóiriú a chosnóidh €2.1 milliún beartaithe ar Ionad Spóirt Dhún Dealgan. Bronnadh €520,000.00 i gCistiú Caipitil Spóirt ar Chomhairle Contae Lú.

Ionad Fóillíochta Dhún Dealgan:

Tá tóir i gcónaí ag shaoránaigh Dhroichead Átha agus saoránaigh sa cheantar máguaird ar Ionad Fóillíochta Dhroichead Átha. Leanfaidh an Chomhairle de leas a bhaint as deontais chaipitil spóirt chun feabhsúcháin leanúnach a dhéanamh ar an ionad.



SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA & RIALAITHE TÓGÁLA LÚ

Chuir Seirbhísí Éigeandála agus Rialaithe Tógála Lú raon gníomhaíochtaí ar fáil i 2014 faoin bPlean Corparáideach 2010-2014.

- D'éascaigh an 5GDS feachtais sábháilteachta poiblí le linn na Seachtaine Aon-ocsaíde Carbóin agus Sábháilteachta Dóiteáin.
- Cuspóir eile den Phlean Corparáideach ab ea Ionad Oiliúna Dhún Dealgan a fhorbairt mar láthair réigiúnach barrfeabhais. Níorbh fhéidir é sin a dhéanamh de bhrí nár cuireadh an cistiú a gheall an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar fáil. Ina ionad sin, cuireadh cistiú eatramhach d'fheabhsúcháin ar an Ionad Oiliúna agus foirgneamh BA ar fáil i 2014 agus tá conraitheoir
- á fhostú chun an obair a dhéanamh.
- Cuspóir eile is ea déileáil le héifeachtach le héigeandálaí. Mhéadaigh líon na dteagmhas éigeandála i 2014; d'fhreagair Dún Dealgan 527 glao agus d'fhreagair Droichead Átha 526 glao.
- I mBaile Átha Fhirdhia, Cairlinn agus Dún Léire freagraíodh 217 glao. Seo thíos sonraí na nglaoanna sin.
- I 2014 rinne an tSeirbhísí Coiscithe Dóiteáin cigireacht ar raon foirgneamh árasán ardriosca, tithe altranais agus foirgnimh comhdhála poiblí agus glacadh bearta forfheidhmithe de réir mar is gá.
- Tháinig méadú ar iarratais ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin a próiseáladh ó
- 2013. Ar an tslí chéanna, phróiseáil an tOifigeach Rialaithe Tógála gach iarratas ar Dheimhniú Rochtaine Míchumais.



- Cuspóir eile ab ea an tAthbhreithniú ar Chosaint Shibhialta a chur chun feidhme. Ní dhearnadh aon dul chun cinn maidir leis seo i 2014 ach chinn bainistíocht na Comhairle le deireanas an t-athbhreithniú a chur chun feidhme ina iomláine agus tá tús curtha leis.
- Lean Cosaint Shibhialta Lú de sheirbhís do thaismigh a chur ar fáil ag imeachtaí agus cuardach a dhéanamh ar iarratas ón nGarda Síochána i 2014.



LEABHARLANNA, CARLANNNA AGUS SEIRBHÍSÍ MUSAEIM CONTAE LÚ

Is iad Leabharlanna, Carlanna, agus Seirbhísí Músaeim Contae Lú an bonn taca i gcónaí le cáilfocht na beatha do dhaoine agus do phobail sa chontae.

Úsáid Leabharlanna Contae Lú	*2014	*2013
Míreanna tógtha ar iasacht	*400,117	*449,743
Cuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha	*275,300	*263,400
Baill chláráithe	*15,588	*15,560
Seisiúin idirlín curtha ar fáil	*21,543	*21,563

* Dúnadh Leabharlann Dhroichead Átha lena athchóiriú i Samhain 2013 go dtí Feabhra 2014.

Seirbhísí leabharlainne

Mhéadaigh líon na mball cláráithe leabharlainne i Lú beagán go 15,588 i Lú. Méadaigh líon na gcuairteanna ar na trí bhainse lánaimseartha leabharlainne go 275,300 agus 290,500 i gcás na leabharlann brainse uile, agus tógadh 400,000 mír nó mar sin ar iasacht sa bhliain.

I 2014 d'athbhreithnigh Seirbhís Leabharlainne Cuairte Chontae Lú a chlár oibre chun tuilleadh eastát tithíochta i nDroichead Átha agus i mBaile Átha Fhirdhia a chur san áireamh ann, mar aon le stad a dhéanamh gach aoine i gCarrchlós Ionad na Mainistreach, Droichead Átha, le linn oibreacha athchóirithe ar Leabharlann Dhroichead Átha. Méadaigh Seirbhísí Leabharlainne Scoile Chontae Lú a thacaíocht do 79 mbunscoil sa chontae agus do chreiseanna áitiúla.

Forbairt brainsí

Athosclaíodh Leabharlann Dhroichead Átha i bhFeabhra 2014 tar éis athchóiriú a rinneadh le €250,000 de dheontas-i-gcabhair ó Chlár Cistithe Caipitil na Roinne do Leabharlanna Poiblí. Cuireann an leabharlann nuachóirithe seirbhísí feabhsaithe ar fáil don phobal, lena n-áirítear pointí eisiúna féinseirbhíse RFID; pointí breise ríomhairí agus rochtain WiFi; seomra nua ilfheidhme seimineáir/TFC agus feabhsuithe ar ranna na bpáistí agus na ndéagóirí den leabharlann.

Athoscailt Leabharlann Nuachóirithe Brainse Dhroichead Átha. Mr. Fergus O'Dowd, T.D., An Cllr. Declan Breathnach, Cathaoirleach Chomhairle Contae Lú; Bernadette Fennell, Leabharlannaí Contae Lú; An Cllr. Richie Culhane, Méara Dhroichead Átha



RÁITEAS MISIN

“Ceannaireacht agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Lú”



Tionscnaimh Leabharlainne ríomhleabhair agus ríomhfhuaime ar fud an chontae

Lean Leabharlanna Contae Lú orthu den raon ríomhleabhar agus ríomhfhuaime a fhorbairt agus a leathnú; tá 1,722 ríomh-acmhainn ann anois. Leis an tseirbhís seo, is féidir le baill den leabharlann an bailiúchán an bhrabhsáil ón mbaile agus míreanna a íoslódáil ar a ríomhairí, iPhone, iPad nó táibléad eile.

Grúpaí Tuismitheoirí agus Leanaí

Tá Grúpaí Tuismitheoirí agus Leanaí ar siúl anois i dtrí cinn de na leabharlanna brainse lánaimseartha i leabharlann Dhún Dealgan, Droichead Átha agus Baile Átha Fhirdhia. Fuair Leabharlanna Contae Lú cistiú i 2014 trí Choiste Cúram Leanaí Lú chun na grúpaí sin a leathnú.

Cárta amháin, 6 Leabharlann

Chomhoibrigh Leabharlanna Contae Lú lena gcomhghleacaithe i Leabharlann DKIT chun an tionscnamh 'Cárta amháin, 6 leabharlann' a chur chun cinn trínar féidir le baill de Leabharlanna Contae Lú leas a bhaint as seirbhísí Leabharlann DKIT agus a mhalairt. Ba é príomhfhócas an tionscadail chomhoibrithigh a éasca atá sé teacht a fháil ar bhailiúcháin an dá seirbhíse.

Ionad Faisnéise Europe Direct, Dún Dealgan

Bronnadh an dara conradh agus cistiú gaolmhar ón gCoimisiún Eorpach chun Ionad Eorpach d'Fhaisnéis Dhíreach a bhunú i Leabharlann Dhún Dealgan ó 2013-2017. Dírionn an tIonad ar réigiún tíreolaíoch Lú, an Chabháin agus Mhuineacháin agus cuireadh clár éagsúil imeachtaí ar fáil i 2014, lena n-áirítear an comórtas bliantúil 'Europe Direct Soapbox'. I gcomhar leis an bpobal Polannach áitiúil, d'óstáil an t-ionad tráthnóna plé agus díospóireachta chun 25 bliain de shaoirse na Polainne a cheiliúradh.



Ó ócáid Ionad Faisnéise Europe Direct, An AE agus Tú Féin, idirphlé poiblí le Mary O'Rourke agus aíonna. Sa ghrianghraf ó chlé: Sheila Tierney, Leabharlann Dhún Dealgan; Frankie Watters, Léachtóir DKIT; Amanda Branigan, Leabharlann Dhún Dealgan; Francis Jacobs, An Coimisiún Eorpach; Mary O'Rourke; Ruth Montague, Forbairt Leabharlann; Gerry Kelly, LMF.

Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh

Ba é 'Mythical Maze' téama an dúshláin léitheoireachta samhraidh i 2014 agus ghlac os cionn 500 páiste páirt ann agus léigh siad 6 leabhar an duine in Iúil agus Lúnasa. Ba é aidhm an tionscnaimh léitheoireachta muinín a chothú agus cumas léitheoireachta na leanaí a mhéadú.




Campaí Litearthachta Samhraidh Leanáí

I gcomhar le teagascóirí ó scoileanna áitiúla DEIS i gContae Lú, chuir Leabharlanna Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha campaí litearthachta samhraidh do 120 leanbh. Baineadh úsáid as cur chuige bunaithe ar thionscadal agus cuireadh an bhéim ar ghníomhaíochtaí foghlama spráilúla chun spéis agus inspreagadh na leanáí a mhéadú i scileanna bunúsacha litearthacha agus a shealbhú.

Tionscadal Logainmneacha Lú

Mar bharr ar Thionscadal Logainmneacha Lú seoladh leabhar i Samhain a thiomsaigh agus a chomhthiomsaigh comhordaitheoir an tionscadail, an Dr. Eve Campbell. Cuireadh tús leis an tionscadal go luath i 2012 faoi choimirce Chumann Seandálaíochta agus Staire Chontae Lú, Cumann Feirmeoirí Chontae Lú agus Leabharlanna Contae Lú. Ba é LEADER Lú a mhaoinigh é agus fuarthas roinnt cistiú comhionann ó urraithe flaithiúla. Ach logainmneacha Chontae Lú a thaifead, cinnteofar go gcaomhnófar faisnéis áitiúil mhórluachmhar do na glúine romhainn.



Seoladh Seachtain Leabharlainne na hÉireann i Leabharlann Dhroichead Átha. Jane Cantwell, Uachtarán, Cumanann Leabharlainne na hÉireann; Paddy Matthews, Uachtarán Chumann Trádála Dhún Dealgan; Gavin Duffy, Fiontraí Bernadette Fennell, Leabharlannaí Contae Lú.

Gníomhaíochtaí For-rochtana

Eagraíodh clár cuimsitheach éagsúil imeachtaí agus gníomhaíochtaí i Leabharlann Contae Lú i 2014. Ar na himeachtaí seo bhí taispeántais, léachtaí, scéalaíocht, stair áitiúil, ceardlanna gineolaíochta agus seisiúin ealaíne agus cheardaíochta. Bhí na leabharlanna páirteach in imeachtaí náisiúnta ar nós An tSeachtain Litearthachta, Féile Leabhar na Leanáí, Seachtain na Gaeilge, Bealtaine, Seachtain na

hEolaíochta agus Seachtain Leabharlainne na hÉireann i gcaitheamh na bliana. I gcomhar leis an Oifig Ealaíon ritheadh sraith rathúil ceardlann ceoil i Leabharlann Bhaile Átha Fhirdhia mar chuid d'Fhéile Barócach Bhaile Átha Fhirdhia.


RÁITEAS MISIN

“Ceannaireacht agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Lú”



SEIRBHÍS CARTLAINNE CONTAE LÚ

Is iad Cartlanna Contae Lú an taisce oifigiúil d'oidhreacht doiciméadach Chontae Lú. Tugann an reachtaíocht rialála an chumhacht don Chomhairle trí na Cartlanna Contae cartlanna áitiúla tábhachtacha ina rianaítear stair agus forbairt an chontae a fháil, a chaomhnú agus a chur ar fáil don phobal. Chuige seo, bhí an tSeirbhís buíoch go bhfuarthas ón phobal roinnt bailiúchán cartlainne i 2014 lena n-áirítear roinnt bailiúchán grianghraf, ceann amháin a bhain le baile Dhún Dealgan, ceann eile de phortráidí áitiúla agus ceann eile a bhain le Mór-Iarnród an Tuaiscirt (Éire); cartlanna a bhain le BAÁ lena n-áirítear cláir féile, bileoga agus nuachtlitreacha; doiciméad a bhain leis an Roinn Traenach agus le Siopa Tógála



Mhór-Iarnróid an Tuaiscirt (Éire); ábhar breise maidir le bailiúchán Harold O'Sullivan; léasaí ó eastáit Roden sa 19ú haois, óráid mhaisithe a bronnadh ar William Tempest

i 1895 nuair a d'éirigh sé as mar Rúnaí Onóracha ar Rogh-Bheistrí Dhún Dealgan; bailiúchán mór ailtireachta a dhátaíonn ó 1900 -1980idí; dhá imleabhar maidir le Scoil Bhuachaillí Naíonán Chlochiar Dhroichead Átha agus Scoil Beaulieu; póstaer thoghcháin, agus bailiúcháin de chláir agus fógrán áitiúla amharclainne.

Anuas ar an gcatalóg ar líne a thabhairt chun dáta, agus cuidiú le taighdeoirí, cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích i 2014: tionscadal caomhantais i 2014 maidir le bailiúchán

tábhachtach de leabhair mhiontuairiscí Bhardas Bhaile Átha Fhirdhia a théann siar go 1661 mar ar éirigh leis an Cartlann Contae cistiú a fháil ón gComhairle Oidhreachta agus ó Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia; taispeántas maidir leis an Toghchán Áitiúil a chur in airde agus cartlanna Bhaile Átha Fhirdhia maidir le fáiltiú deiridh



RÁITEAS MISIN

"Ceannaireacht agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Lú"



MÚSAEM CONTAE LÚ

Bliain thar a bheith tábhachtach ab ea 2014 don Músaem Contae, Dún Dealgan. In Aibreáin cheiliúir an Músaem 20 bliain le taispeántas a dhírigh ar an 20 bliain sin. *20 years a growin' (20 bliain ag fás) - taispeántas na ndaoine lenar ceiliúradh fiche bliain i mbun taifeadadh, bailiú, ag taispeáint agus ag díriú aird ar stair an chontae.* Níos tábhachtaí fós, léirigh sé a thábhachtaí atá an teagmháil idir na hinstiúidí áitiúla poiblí i gcónaí (ar nós an Chumainn Seandálaíochta agus Staire agus Cumann Sean-Dhún Dealgan) agus an músaem ó thaobh eolas ar an am atá caite a chaomhnú do na glúine a thioctas inár

ndiaidh.

Ina theannta sin, bhí líon mór taispeántas ar an Músaem trínar cuireadh tionscadail ar stair chultúrtha na Bóinne (don fhéile náisiúnta muirí i nDroichead Átha); scéal J.P. Holland (athair fhomhuireán na linne seo) chun bonn €15 an Bhainc Cheannais a sheoladh) agus gearrchuntas ar stair na rothaíochta i Lú (le cur ar fáil aimsir an Giro d'Italia). Ba é an rud ab oiriúnaí, b'fhéidir, ná gur bhuaigh an músaem an comórtas Músaem Údaráis Áitiúil 2014 in irisleabhar Public Sector (Earnáil Phoiblí) - éacht a bhí thar a bheith oiriúnach don chothrom fiche bliain.



RÁITEAS MISIN

“Ceannaireacht agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir Lú”



OIBRÍOCHTAÍ IBRÍOCHTAÍ & Seirbhísí Áitiúla

IOMPAR

Chun líonra ardchaighdeán bóithre a chothabháil agus a fhorbairt, trína dtacaítear agus trína gothabháil le córas nua-aimseartha iompair inrochtana, sábháilte, cliste agus comhtháite, a fhreagraíonn do riachtanais mhuintir an chontae.

Clár na nOibreacha Bóthair

In Iúil 2014 cónascadh na Comhairle Bailte agus Contae agus cruthaíodh Ceantair nua Innealtóireachta i Lú Thuaidh agus Theas. I dteannta a chéile, chuir an dá cheantar clár oibreacha bóthair de 29 scéim feabhsúcháin a chlúdaigh 35.7 km. Mar aon le clár athchóirithe de 17 scéim a chlúdaíonn 26.5 km.

Anuas air sin, rinneadh oibreacha ginearálta cothabhála, lena áiríodh deisithe ar phoill, móiníní bóthair a bharradh, draenáil, comharthaí a chothabháil agus mar sin de.

Bearta sábháilteachta ísealchostais

Cuireadh sé cinn de thionscadail i gcrích faoin scéim seo, ar chostas €236,760. Ba iad na scéimeanna a tugadh chun críche Droichead Ault, Dún Dealgan: Bóthar Bhaile Átha Cliath, Droichead Átha: Bóthar Ráth Maoláin: An Ascaill Fhada: An Siúlán Fada: Scoil Náisiúnta na Rampar An Phríomhshráid, Ó Méith.

Cothabháil gheimhridh.

Cé go raibh geimhreadh 2014/15 bog go leor, rinneadh roinnt mhaith turas leathadh grin de bhrí gur thit an teocht go díreach faoi bhun an reophointe ar roinnt mhaith oícheanta. Rinneadh 107 turas amach, cé gurb é 75 meán na dturasanna amach i séasúr an gheimhridh. Tá ardmholadh ag dul do mhuintir an cheantair agus don fhoireann lasmuigh as a ndíograis agus a gcuid iarrachtaí.

Scéimeanna bainteachta pobail

Chuir an Roinn Iompair, Turasoireachta agus Spóirt €902,886 de chistiú ar fáil do scéim nua bainteachta pobail chun oibreacha cothabhála a dhéanamh ar bhóithre treasacha áitiúla. D'oibrigh an Innealltóir Ceantair le grúpaí áitiúla, a chuir 20% den chistiú ar fáil, chun dul chun cinn a dhéanamh i 26 scéim san iomlán, a chlúdaigh 13.8 km.

MUIRÍ

Cosaint an Chósta agus Cosaint ar Thuilte

Cuireadh cistiú ar fáil chun scéimeanna a chur i gcrích ag Baile an Fhaoitigh, An Grianfort: Na Creagacha Dubha: Cé Gyles Baile an Chrúisigh Áth na gCasán Baile na Coirre, Dún Áine: agus Féarbhealach Ó Méith.

UISCE & COMHSHAOL:

'Soláthar a dhéanamh le haghaidh seirbhís thráthúil ardchaighdeán uisce agus fuíolluisce chun riachtanais forbartha an Chontae a chomhlíonadh agus an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú ag an am céanna.'



Aistríodh an cúram as seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar go hUisce Éireann ón 1 Eanáir 2014. Aistrefar in am trátha go hUisce Éireann gach sócmhainn bonneagair uisce a úsáidtear do ghníomhaíochtaí seirbhísí uisce. Coimeádfaidh Comhairle Contae Lú maoirseacht na nGrúpscéimeanna Uisce, na dtoibreacha príobháideacha agus na leithreas poiblí.

Comhaontú Leibhéal Seirbhíse

Liostaítear sa chomhaontú ceangailteach 12 bhliain idir Uisce Éireann agus na húdarais áitiúla na cuspóirí, na ról agus na cúraimí a bheidh ar an dá pháirtí. Foráiltear ann d'aitheantas do shaineolas fhoireann na n-údarás áitiúil agus chun an costas iomlán a thabhaíonn údarais áitiúil agus seirbhísí uisce á gcur ar fáil a aisghabháil. .

Teagmháil le Custaiméirí

Tá ionad glaonna Uisce Éireann ar oscailt anois idir 9 a chlog ar maidin agus a 5 tráthnóna, Luan go hAoine, agus meastar go mbeidh sé ar fáil 24 uaire sa lá i 2015. San áireamh sa phróiseas a ceapadh le hUisce Éireann tá comhéadan le hionadaithe tofa. Tarchuirfidh Uisce Éireann ceisteanna chuig údarais áitiúla le haghaidh gnímh agus tá prótacail curtha i dtoll a chéile maidir leis sin. Beidh údarú roimh ré ó údarais áitiúla ach amháin i gcás éigeandálaí. Éascóidh an tIonad Glaonna córas rianaithe freagraí ar gach ceist agus gearán.

An Clár Méadraithe

Tá méadair uisce á suiteáil ag conraitheoir Uisce Éireann agus cuireadh tús leo i Lú i Meán Fómhair 2014. Is gá bosca nua teorann mar aon le uathléamh méadair a chur ar fáil i mórchuid cásanna. Bhí 30% de bhoscaí méadair teaghlaigh i gceantar an chontae agus 80% i gceantar Dhún Dealgan suiteáilte ar an 1 Samhain. Tabharfar an clár iomlán méadraithe do Chontae Lú chun críche go luath i 2015.

Plean Infheistíochta i Seirbhísí Uisce 2014-2016

Meastar gur fiú €250m sa bhliain an méid a chaithfidh Uisce Éireann sa tréimhse thosaigh. Ach meastar gur gá suas le €600m sa bhliain a chaitheamh. Meastar go ndíreofar an WSIP ar fheabhsúcháin céime, riachtanais ceadúnais agus réitigh ísealchostais i dtús báire. Ní dhéanfar difríocht d'aon chonarthaí atá ar bun cheana féin.

Clár Infheistíochta Caipitil Lú

- Uasghrádú ar Ghléasra Cóireála Fuíolluisce faoi Scéim Shéarachais Bhaile Átha Fhirdhia
- Scéim Soláthair Uisce Dhroichead Átha - Oibreacha Éigeandála ag Gléasra Cóireála Uisce Steach Luíne (Céim 2)
- Gléasraí Cóireála Fuíolluisce Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha - Gléasra Cóireála Fuíolluisce Uasghráduithe ar Bhaint Cothaithe
- Staidéar ar Scéim Shéarachais Dhún Dealgan
- Scéim Soláthair Uisce Dhún Dealgan - Uasghrádú ar Ghléasra Cóireála Uisce Chnoc an Chabháin
- Contae Lú - Caomhnú Uisce Céim 3 Oibreacha Ardfhorbartha
- Contae Lú - Caomhnú Uisce Céim 3 Oibreacha Sholáthar Uisce Dhún Dealgan
- Contae Lú - Caomhnú Uisce Céim 3 Oibreacha Sholáthar Uisce Dhroichead Átha
- Scéim Shéarachais Ó Méith Scéim Shéarachais Ó Méith



COMHSHAOL

I struchtúr nua comhnasctha na Comhairle Contae, cabhraíonn an Roinn Oibriúchán chun an comhshaol nádúrtha sa chontae a choimeád trí chlár rialaithe bruscair, cláir scuabtha sráideanna a chur chun feidhme i mbailte agus i sráidbhailte an chontae, cothabháil a dhéanamh ar chrainn, fiailí a rialú, féar agus fála a bhearradh, srl. Bíonn teagmháil againn, leis, agus cuirimid tacaíocht ar fáil do na Grúpaí éagsúla Bailte Slachtmhara i Lú.

Rialú Madraí

Den méid sin tháinig úinéirí ar thóir 159 díobh nó fuarthas baile dóibh díreach ón bpóna, agus fuarthas bailte nua do 256 madra eile trí charthanais éagsúla, go háirithe trí Dundalk Dogs. Ciallaíonn na figiúirí seo go bhfuarthas baile do 88% de na madraí a chuaigh isteach sa phóna, rud ab ionann agus 88% de mhéadú ar an mbliain roimhe.

Ba é 5,901 líon na gceadúnas madraí sa chontae i 2014, ar 400 de mhéadú é sin ar an mbliain roimhe. San áireamh anseo bhí 7 ceadúnas ginearálta madra; níor eisíodh aon cheadúnas saoil i 2014. Bhí rialú madraí ag ardleibhéal agus eisíodh 404 fógra pionóis seasta i 2015 agus íocadh níos mó de na fógraí seo ná in aon chontae eile sa tír.

Cuireadh áit póraithe madraí nua leis an gclár i 2014, rud a thug líon na n-áiteanna póraithe go 4.

Rialú Capall

Bliain ghníomhach ab ea 2014 ó thaobh rialú capall; tháinig 91 chapall isteach sa phóna. Ba laghdú de 54 é sin, faraor, ar an mbliain roimhe sin, a thugann le fios, b'fhéidir, go bhfuil buaicphointe na gcapall neamhiarrtha sroichte againn? Ní raibh ceadúnas ná micrishlis ag formhór na gcapall a tháinig isteach sa phóna agus mar sin ba dheacair úinéirí a aimsiú. Chun capall a thógáil amach as an bpóna, iarrtar ar úinéirí pasanna bailí a sholáthar dá gcuid capall agus fianaise ar Uimhir Chláraithe Áitreabh Eachaíochta.

Sábháilteacht Bia

Tá 13 bhunaíocht faoi chigireacht roinn tréidliachta Chomhairle Contae Lú; is ionann sin agus seamlas amháin, 10 gcinn de mhonarchana ceadaithe gearrtha/cócarála feola agus 2 mhonarcha cláraithe feola. Cuireann an contae seirbhís cigireachta feola agus dualgais sábháilteachta bia ar fáil faoi chonradh seirbhísí le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.



FORBAIRT EACNAMAÍOCH

Tacaíonn an tAonad Forbartha Eacnamaíche le forbairt eacnamaíoch chomhordaithe Chontae Lú trí thionscadail a phleanáil, a thosú agus a bhainistiú ar mhaithe le cuidiú go dearfach le forbairt eacnamaíoch leanúnach an chontae. Tá an t-aonad bainteach le margú agus cur chun cinn na comhairle mar shuíomh atá cairdiúil le cúrsaí gnó agus déanann sé pleanáil straitéiseach eacnamaíoch mar bhonn le cinní beartais Chomhairle Contae Lú. Is obair thábhachtach í sin le cinníú go mbaintear an leas is fearr is féidir as cinní forbartha eacnamaíche agus fostaíochta a bhaineann le mórbhonneagar.

Oifig Áitiúil Fiontair (LEO, Lú)

Mar chuid de Chlár Athchóirithe an Rialtais, díscáileadh Bord Fiontair Áitiúil Lú agus corpraíodh an Oifig Áitiúil Fiontair nuacheaptha i struchtúr na Comhairle in Aibreán 2014. Seo an phríomhghníomhaireacht ina bpléitear le forbairt micrifhiontar agus gnóthas i gContae Lú agus éascaíonn sé cur chuige níos comhordaithe i leith tacaíocht d'fhiontair agus forbairt eacnamaíoch ar fud na chontae. Ba chóir do lucht gnó agus daoine atá ag smaoineamh ar ghnó a thosú teagmháil a dhéanamh leis an oifig LEO le comhairle agus cabhair a fháil maidir leis an méid is gá a dhéanamh chun an chéad chéim eile a bhaint amach nó a smaoineamh a fhorbairt. Féachann LEO Lú le fiontraíocht agus féinchabhair a chur chun cinn agus tacaíocht iomlán aici ó Chomhairle Contae Lú agus gheofar ann taithí agus eolas na mBord Fiontar Contae roimh seo agus Aonad Tacaíochta Gnó na Comhairle.

Fóram Eacnamaíoch Lú

Tá an fóram seo, a bunaíodh i 2009, comhdhéanta d'earnáil ghnó Chontae Lú, lucht bainistíocht an údaráis áitiúil agus gach ceann de na gníomhaireachtaí Stáit a idirghníomhaíonn leo siúd a ghineann gníomhaíocht eacnamaíoch sa chontae agus is siopa ilfhreastail é d'infheisteoirí féideartha. Cothaíonn an LEF, a bhfuil duaiseanna buaite aige, comhpháirtíochtaí i gcónaí agus cultúr de smaointeoireacht asctha chun tuilleadh forbartha eacnamaíche agus cruthú post a éascú go réamhghníomhach i Lú.

Turasóireacht

Is tiománaí den fhorbairt eacnamúil é an turasóireacht agus tacaíonn sé le seirbhísí áitiúla. Tá an obair ar siúl i gcónaí chun contae Lú a chur chun tosaigh le tuilleadh tacaíochta d'Oirthear Ársa na hÉireann agus trína chur chun cinn. D'éirigh go rímhaith le Féile Mhuirí na hÉireann 2014, a eagraíodh i gcomhpháirtíocht le Port Dhroichead Átha, agus mheall sí os cionn 36,000 go céanna Dhroichead Átha. Féilte Lá Fhéile Pádraig i nDroichead Átha.




Féile Mhuirí 2014



le cúig mhór-réimse oibre na Seirbhíse – Ealaíona Forbartha agus Pobail, Deontais agus Duaiseanna, Faisnéis agus Comhairle, Clárú Ealaíonta, agus Ionadaíocht agus Pleanáil.

Neartú suntasach ar bhonneagar cultúrtha an chontae ab ea seoladh Ionad Ealaíon na Tána ag Sráid Crowe, Dún Dealgan. Den chéad uair,

